2024/2902

28.11.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2902 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Samhain 2024

lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tuairisciú a bhaineann le comharthaí sócmhainn-tagartha agus le comharthaí ríomh-airgid atá ainmnithe in airgeadra nach airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit é

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus Treoir (AE) 2019/1937 ([1]), agus go háirithe Airteagal 22(7), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun críocha an tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 22(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2023/1114, ba cheart d'eisitheoirí miondealú a sholáthar don líon sealbhóirí de réir shuíomh an tsealbhóra agus laistigh den suíomh sin an líon sealbhóirí tiachóg coinneála agus an líon sealbhóirí tiachóg neamhchoinneála nó sealbhóirí aon chineál eile seoltaí mórleabhar dáilte a úsáidtear chun críoch socraíochta agus nach bhfuil á rialú ag an sealbhóir ná ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní. Laistigh den dá chatagóir sealbhóirí tiachóg sin, is é sin sealbhóirí tiachóg coinneála agus sealbhóirí tiachóg neamh-choinneála, ba cheart d'eisitheoirí, le miondealú breise, líon na sealbhóirí miondíola a sholáthar. Tá gá leis na miondealuithe sin go léir do na húdaráis inniúla, toisc go bhfuil faisnéis faoi chomhchruinniú na sealbhóirí agus faoi na méideanna do na sealbhóirí miondíola ábhartha do na maoirseoirí chun cuspóirí Rialachán (AE) 2023/1114 a chomhlíonadh agus chun feidhmiú cuí na margaí i gcripteashócmhainní, sláine an mhargaidh agus cobhsaíocht airgeadais san Aontas a áirithiú, chomh maith le cosaint sealbhóirí cripteashócmhainní, go háirithe sealbhóirí miondíola. An fhaisnéis a sholáthraítear leis an miondealú de réir shuíomh na sealbhóirí, ba cheart í a úsáid freisin chun a chinneadh cé na húdaráis inniúla a cháileoidh le bheith ina gcomhaltaí de choláiste faoi Airteagal 119(2), pointe (l), de Rialachán (AE) 2023/1114, de réir na gcritéar a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe [C(2024) 6911] ([2]) ón gCoimisiún.

(2) Chun críoch an tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 22(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2023/1114, agus chun a áirithiú go ndéanfar maoirseacht chuí ar na ceanglais maidir le cúlchiste sócmhainní faoi Airteagail 36 agus 38 den Rialachán sin, faoi Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 36(4) de Rialachán (AE) 2023/1114, agus faoi Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114, ba cheart d'eisitheoirí méid an chúlchiste sócmhainní a sholáthar ar bhealach miondealaithe chun luach agus comhdhéanamh an chúlchiste sócmhainní a léiriú, lena n-áirítear bearta bainistithe leachtachta.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 22(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2023/1114, ní áirítear le hidirbhearta atá le tuairisciú i gcomhréir le hAirteagal 22(1), pointí (c) agus (d), de Rialachán (AE) 2023/1114 ach idirbhearta as a n-eascraíonn athrú ar an duine nádúrtha nó dlítheanach atá i dteideal an chomhartha sócmhainn-tagartha agus, idirbhearta a shocraítear ar an mórleabhar dáilte ('idirbhearta ar an slabhra') agus idirbhearta a shocraítear lasmuigh den mhórleabhar dáilte ('idirbhearta seachshlabhra'). Thairis sin, maidir le coincheap an "idirbhirt" dá dtagraítear in Airteagal 22(1), an dara fomhír, den Rialachán sin , ní bhaineann sé leis an gcineál tiachóg a úsáideann an tionscnóir nó an tairbhí chun idirbheart a sheoladh nó a fháil. Dá réir sin, ba cheart a áireamh sna ceanglais tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 22(1), pointí (c) agus (d), den Rialachán sin idirbhearta idir tiachóga coinneála agus

([1]) IO L 150, 9.6.2023, lch. 40, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1114/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe [C(2024) 6911] 31 Deireadh Fómhair 2024ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na coinníollacha maidir le bunú agus feidhmiú coláistí maoirseachta comhairleacha (nár foilsíodh fós in Iris Oifigiúil.

idirbhearta idir tiachóg choinneála, ar thaobh amháin, agus tiachóg neamhchoinneála nó cineálacha eile seoltaí mórleabhar dáilte nach bhfuil á rialú ag sealbhóir comhartha sócmhainn-tagartha nó ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, ar an taobh eile. Ina theannta sin, leis an gceanglas tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 22(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2023/1114 ba cheart idirbhearta a chumhdach freisin idir tiachóga neamhchoinneála agus idir tiachóga neamhchoinneála agus cineálacha eile seoltaí mórleabhar dáilte nach bhfuil á rialú ag sealbhóir comhartha sócmhainn-tagartha nó ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní. Ós rud é nach bhfuil ach faisnéis theoranta ag eisitheoirí faoi na sealbhóirí a bhfuil baint acu leis na hidirbhearta sin, i gcásanna áirithe ní féidir a chinneadh an idirbhearta iad na hidirbhearta sin atá le tuairisciú faoi Airteagal 22(1) den Rialachán sin. Dá bhrí sin, chun an fhaisnéis is cruinne is féidir a bheith ann maidir leis na hidirbhearta sin, ba cheart a áireamh sa cheanglas tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 22(1), pointe (c), den Rialachán sin faisnéis maidir le haistrithe idir tiachóga neamhchoinneála agus idir tiachóga neamhchoinneála agus cineálacha eile seoltaí mórleabhar dáilte a úsáidtear chun críoch socraíochta agus nach bhfuil á rialú ag sealbhóir comhartha sócmhainn-tagartha nó ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní. Ós rud é gur fothacar d'aistrithe iad idirbhearta, d'fhéadfaí faisnéis bhreise den sórt sin maidir le haistrithe idir tiachóga neamhchoinneála agus idir tiachóga neamhchoinneála agus cineálacha eile seoltaí mórleabhar dáilte nach bhfuil á rialú ag sealbhóir comhartha sócmhainn-tagartha nó ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní a úsáid mar ionadú agus d'fhéadfaí faisnéis úsáideach a sholáthar léi maidir le líon agus luach na n-idirbheart idir tiachóga neamhchoinneála agus idir tiachóga neamhchoinneála agus cineálacha eile seoltaí mórleabhar dáilte nach bhfuil á rialú ag sealbhóir comhartha sócmhainn-tagartha nó ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní.

(4) Chun críoch an cheanglais tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 22(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2023/1114, ba cheart d'eisitheoirí an fhaisnéis faoi na hidirbhearta a sholáthar le miondealú le haghaidh dáileadh geografach, rud a chiallaíonn tíortha na sealbhóirí a bhfuil baint acu leis na hidirbhearta. Le miondealú den sórt sin bheadh faisnéis úsáideach á soláthar maidir le comhchruinniú idirbheart le haghaidh na n-údarás inniúil a dhéanann a róil mhaoirseachta. Maidir leis an bhfaisnéis a sholáthraítear leis an miondealú de réir tíortha ar na hidirbhearta, bainfear úsáid freisin as chun a chinneadh cé na húdaráis inniúla a cháileoidh le bheith ina gcomhaltaí de choláiste faoi Airteagal 119 de Rialachán (AE) 2023/1114, mar a fhoráiltear i Rialachán Tarmligthe [C(2024) 6911]. Ní gá an miondealú sin a dhéanamh le haghaidh na n-idirbheart agus na n-aistrithe idir tiachóga neamhchoinneála nó idir tiachóga neamhchoinneála agus cineálacha eile seoltaí mórleabhar dáilte nach bhfuil á rialú ag sealbhóir comhartha sócmhainn-tagartha nó ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, i ngeall ar an bhfaisnéis theoranta atá ag eisitheoirí ar na sealbhóirí a bhfuil baint acu le hidirbhearta agus le haistrithe den sórt sin.

(5) Chun a bheith éifeachtach, ba cheart a áireamh sa chreat tuairiscithe dátaí tagartha maidir le tuairisciú agus dátaí íocaíochta lena n-áiritheofar comhroinnt chuí thráthúil sonraí ionas go mbainfidh na sonraí leis an tréimhse chéanna agus go gcuirfear isteach iad an tráth céanna le haghaidh na n-eintiteas tuairiscithe uile, agus inchomparáideacht sonraí ar fud na n-eisitheoirí agus na n-údarás inniúil a cheadú, agus formáidí agus teimpléid chaighdeánaithe á n-úsáid ag an am céanna.

(6) Ba cheart leanúnachas an tuairiscithe a áirithiú i gcásanna ina bhfágfadh athruithe sealadacha ar luach eisiúna na gcomharthaí go rachadh an luach sin faoi bhun na tairsí dá dtagraítear in Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) 2023/1114. Dá bhrí sin, is gá tuairisciú a cheangal le haghaidh am breise chun a dhearbhú an titim shealadach í an titim faoi bhun na tairsí. Ní bheadh aon tionchar aige sin ar na heisitheoirí, toisc go mbeidh a gcórais tuairiscithe i bhfeidhm acu cheana féin.

(7) Chun críoch an cheanglais tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 22(3) de Rialachán 2023/1114, maidir le cuid den fhaisnéis ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a sholáthar do na heisitheoirí, d'fhéadfadh sonraí pearsanta a bheith ar áireamh inti nuair a bhaineann siad le daoine nádúrtha. Áirítear leis sin ainmneacha iomlána a bhfuil uimhreacha aitheantais náisiúnta, uimhreacha oifigiúla chlárúcháin chánach nó uimhreacha pas ag gabháil leo. Is gá sonraí pearsanta den sórt sin a bhailiú sa chás seo chun cuspóirí Rialachán (AE) 2023/1114 a bhaint amach toisc nach bhféadfadh na heisitheoirí líon cruinn sealbhóirí comhartha sócmhainn-tagartha a chinneadh gan an fhaisnéis sin agus bheadh áireamh dúbailte á dhéanamh acu ar shealbhóirí a bhfuil cuntais iolracha acu le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní éagsúla. Dhéanfadh sonraí neamhchruinne den sórt sin saobhadh ar an bhfaisnéis a thuairiscítear do na húdaráis inniúla faoin líon sealbhóirí comhartha sócmhainn-tagartha agus, dá bhrí sin, chuirfeadh sé bac ar na húdaráis inniúla maoirseacht chuí a dhéanamh. Mar thoradh air sin, níl aon bhealach eile ann chun an fhaisnéis faoi shealbhóirí comharthaí sócmhainn-tagartha a léiriú go cruinn sa tuairisciú agus ní féidir na gnáthbhearta chun comhroinnt sonraí pearsanta a theorannú nó a chosaint, amhail ainm bréige a chur i bhfeidhm, a chur i bhfeidhm sa chás sin.

(8) Chun críoch an cheanglais tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 22(3) de Rialachán 2023/1114, ba cheart do sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na seoltaí mórleabhar dáilte poiblí a úsáideann siad chun aistrithe a dhéanamh thar ceann a gcliant a sholáthar don eisitheoir freisin. Tá gá leis an bhfaisnéis den sórt sin chun go mbeidh eisitheoirí in ann a shainaithint cé na hidirbhearta atá cláraithe ar an mórleabhar dáilte a tharlaíonn idir tiachóga neamhchoinneála agus na hidirbhearta faoi raon feidhme na n-oibleagáidí tuairiscithe a thuairisciú.

(9) Chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis a thuairiscítear don údarás inniúil ceart agus iomlán, ba cheart córais agus nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm ag eisitheoirí lena gceadaítear don eisitheoir na sonraí a fhaightear ó na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a réiteach de bhun Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2023/1114. Le córais agus nósanna imeachta den sórt sin, ba cheart an t-eisitheoir a bheith in ann na sonraí a thuairiscíonn soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní a réiteach leis na sonraí atá ar fáil don eisitheoir ó fhoinsí eile, lena n-áirítear, i gcás inarb infheidhme, sonraí idirbhirt atá ar fáil ar an mórleabhar dáilte.

(10) Ba cheart d'eisitheoirí uastréimhse choinneála a chur chun feidhme ina mbeartais inmheánacha maidir le sonraí pearsanta na sealbhóirí aonair arna gcomhroinnt ag na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní. I bhfianaise an chuspóra maidir le comhlíonadh na n-oibleagáidí tuairiscithe de bhun Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) 2023/1114 a áirithiú, níor cheart an uastréimhse choinneála sin a bheith níos faide ná 5 bliana ón dáta a fhaightear na sonraí pearsanta.

(11) Ba cheart feidhm *mutatis mutandis* a bheith ag an Rialachán seo freisin maidir le comharthaí ríomh-airgid atá ainmnithe in airgeadra nach airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit é ó tharla go bhfuil feidhm ag Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2023/1114 maidir le comharthaí ríomh-airgid atá ainmnithe in airgeadra den sórt sin.

(12) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) agus thug sé tuairim uaidh an 16 Iúil 2024.

(13) Chun ailíniú le dáta chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/1114 i ndáil le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, ba cheart dáta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar.

(14) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach faoi bhráid an Choimisiúin.

(15) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cuir chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Forálacha ginearálta

1. Chun críoch an cheanglais tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) 2023/1114, úsáidfidh eisitheoirí na teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn I, i gcomhréir leis na treoracha dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

([3]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil leis an bpróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj).

2. Chun críoch an cheanglais tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2023/1114, cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na teimpléid a leagtar amach in Iarscríbhinn III faoi bhráid na n-eisitheoirí, i gcomhréir leis na treoracha dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Chun críoch an tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) 2023/1114, cuirfidh na heisitheoirí an fhaisnéis seo a leanas ag gabháil leis na sonraí a cuireadh isteach agus a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo:

(a) an dáta tagartha tuairiscithe agus tréimhse thagartha;

(b) an t-airgeadra tuairiscithe;

(c) i gcás eintitis dhlítheanacha, Aitheantóir Eintitis Dhlítheanaigh (LEI) an eisitheora, agus i gcás daoine nádúrtha, an uimhir aitheantais náisiúnta oifigiúil is infheidhme sa Bhallstát baile;

(d) cineál an chomhartha, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (6) nó pointe (7), de Rialachán (AE) 2023/1114, agus cód aitheantais gaolmhar, tagairt nó ainm an chomhartha, i gcás ina mbeidh fáil orthu bunaithe ar an bpáipéar bán cripteashócmhainní foilsithe don chomhartha;

(e) cibé acu maidir leis an gcomhartha:

(i) nach ndéantar tagairt leis ach amháin d'airgeadra oifigiúil an Bhallstáit baile;

(ii) nach ndéantar tagairt leis ach amháin d'airgeadraí seachas airgeadra oifigiúil an Bhallstáit baile;

(iii) go ndéantar tagairt leis d'airgeadra an Bhallstáit baile agus d'airgeadraí eile (meascán den rogha dá dtagraítear i bpointe (i) agus an rogha dá dtagraítear i bpointe (ii));

(f) cé acu a aicmíodh nó nár aicmíodh an comhartha mar chomhartha suntasach i gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán (AE) 2023/1114;

(g) i gcás inarb infheidhme, ráiteas nach bhfuair an t-eisitheoir an fhaisnéis dá dtagraítear in Iarscríbhinní III agus IV den Rialachán seo ó na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní.

4. I gcomhréir le hAirteagal 58(3) de Rialachán (AE) 2023/1114, tá feidhm ag an Rialachán seo *mutatis mutandis* maidir le comharthaí ríomh-airgid atá ainmnithe in airgeadra nach airgeadra oifigiúil de chuid Ballstáit é.

Airteagal 2

Dátaí tuairiscithe tagartha

1. Chun críoch an cheanglais tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) 2023/1114, cuirfidh eisitheoirí faisnéis faoi bhráid na n-údarás inniúil ar bhonn tuairiscithe ráithiúil, leis na dátaí tagartha tuairiscithe seo a leanas: 31 Márta, 30 Meitheamh, 30 Meán Fómhair agus 31 Nollaig.

2. Is é a bheidh sa chéad dáta tagartha an dáta a chomhfhreagraíonn don ráithe ina bhfuil luach eisiúna an chomhartha sócmhainn-tagartha níos airde ná an tairseach dá dtagraítear in Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) 2023/1114.

3. Is é a bheidh sa dáta tagartha deireanach an dáta a chomhfhreagraíonn don tríú ráithe as a chéile ina bhfuil luach eisiúna an chomhartha sócmhainn-tagartha níos ísle ná an tairseach dá dtagraítear in Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) 2023/1114.

Airteagal 3

Dátaí íocaíochta a thuairisciú

1. Chun críoch an cheanglais tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) 2023/1114, déanfaidh eisitheoirí an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal sin a chur faoi bhráid na n-údarás inniúil ar bhonn tuairisciú ráithiúil, faoi am scoir gnó ar na dátaí íocaíochta seo a leanas: 12 Bealtaine, 11 Lúnasa, 11 Samhain agus 11 Feabhra.

2. Chun críoch an cheanglais tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2023/1114, déanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal sin a chur faoi bhráid na n-eisitheoirí ar bhonn tuairisciú ráithiúil, faoi am scoir gnó ar na dátaí íocaíochta seo a leanas: 21 Aibreán, 21 Iúil, 21 Deireadh Fómhair agus 21 Eanáir.

Mar sin féin, cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní faoi bhráid na n-eisitheoirí, faoi am scoir gnó ar bhonn laethúil, 'Teimpléad S 08.00 – Comhartha atá i seilbh soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní' atá leagtha amach in Iarscríbhinní III agus IV.

3. Más saoire phoiblí é lá na híocaíochta i mBallstát an údaráis inniúil dá bhfuil an tuarascáil le soláthar, nó más Satharn nó Domhnach é an lá sin, cuirfear sonraí isteach an lá oibre dár gcionn.

4. Maidir le cibé ceartúcháin ar na tuarascálacha a chuirtear faoi bhráid na n-údarás inniúil, cuirfidh eisitheoirí isteach iad gan moill mhíchuí.

Airteagal 4

Formáidí malartaithe sonraí agus faisnéis a ghabhann le tíolacthaí

1. Agus an fhaisnéis dá dtagraítear sa Rialachán seo á cur isteach acu, cuirfidh eisitheoirí isteach í sna formáidí malartaithe sonraí agus sna léirithe mar a shonraíonn na húdaráis inniúla agus i gcomhréir leis an sainmhíniú pointe sonraí ar shamhail an phointe sonraí agus leis na foirmlí bailíochtaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V agus leis na sonraíochtaí seo a leanas:

(a) faisnéis nach bhfuil de dhíth nó nach bhfuil infheidhme, ní chuirfear san áireamh i dtíolacadh sonraí í;

(b) déanfar luachanna uimhriúla a chur isteach mar a leanas:

(i) déanfar pointí sonraí a bhfuil an cineál sonraí 'Airgeadaíoch' ag gabháil leo a thuairisciú trí úsáid a bhaint as beachtas íosta atá coibhéiseach le deich mílte aonad;

(ii) déanfar pointí sonraí leis an gcineál sonraí 'Slánuimhir' a thuairisciú gan aon deachúil a úsáid agus beachtas atá coibhéiseach le haonaid á chur i bhfeidhm.

2. Cuirfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 1(2) faoi bhráid na n-eisitheoirí sna formáidí malartaithe sonraí agus sna léirithe arna sonrú ag na heisitheoirí.

Airteagal 5

Tréimhse coinneála sonraí pearsanta ag eisitheoirí

Ní choimeádfaidh na heisitheoirí aon sonraí pearsanta faoi shealbhóirí arna gcur isteach ag na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní i gcomhréir le hAirteagail 1(2) agus 3(2) den Rialachán seo ar feadh tréimhse is faide ná mar is gá chun na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar síos in Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) 2023/1114 a chomhlíonadh. Ní mhairfidh an tréimhse choinneála sin níos faide ná 5 bliana ón dáta a bhfaigheann na heisitheoirí na sonraí pearsanta.

Airteagal 6

Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Tuairisciú le hAghaidh eisitheoirí comharthaí sócmhainn-tagartha

TEIMPLÉID d'EISITHEOIRÍ			
Uimhir an teimpléid	**Cód an teimpléid**	**Seolaithe**	**Ainm an teimpléid / an ghrúpa teimpléad**
LÍON NA SEALBHÓIRÍ			
1	S 01.00	Eisitheoirí	LÍON NA SEALBHÓIRÍ – AR AN DÁTA TAGARTHA
LUACH AN CHOMHARTHA A EISÍODH AGUS MÉID AGUS COMHDHÉANAMH AN CHÚLCHISTE SÓCMHAINNÍ			
2	S 02.00	Eisitheoirí	LUACH AN CHOMHARTHA A EISÍODH AGUS MÉID AN CHÚLCHISTE SÓCMHAINNÍ
3	S 03.01	Eisitheoirí	COMHDHÉANAMH AN CHÚLCHISTE SÓCMHAINNÍ DE RÉIR CHINEÁL NA SÓCMHAINNÍ AGUS NA nAIBÍOCHTAÍ
3	S 03.02	Eisitheoirí	COMHDHÉANAMH AN CHÚLCHISTE SÓCMHAINNÍ DE RÉIR CHONTRAPHÁIRTÍ/EISITHEORA
IDIRBHEARTA IN AGHAIDH AN LAE			
4	S 4.01	Eisitheoirí	IDIRBHEARTA IN AGHAIDH AN LAE – AR AN MEÁN
4	S 4.02	Eisitheoirí	IDIRBHEARTA IN AGHAIDH AN LAE – AR AN MEÁN SAN AONTAS EORPACH
4	S 4.03	Eisitheoirí	IDIRBHEARTA AGUS AISTRITHE IN AGHAIDH AN LAE IDIR TIACHÓGA NEAMHCHOINNEÁLA – AR AN MEÁN
4	S 4.04	Eisitheoirí	AN MHODHEOLAÍOCHT A ÚSÁIDEADH LE hAGHAIDH THEIMPLÉAD S 04.03
IDIRBHEARTA IN AGHAIDH AN LAE A BHAINEANN LE hÚSÁIDÍ MAR MHODH MALARTAITHE LAISTIGH DE LIMISTÉAR AIRGEADRA AONAIR			
5	S 5.00	Eisitheoirí	IDIRBHEARTA IN AGHAIDH AN LAE A BHAINEANN LE hÚSÁIDÍ MAR MHODH MALARTAITHE LAISTIGH DE LIMISTÉAR AIRGEADRA AONAIR – AR AN MEÁN

S 01.00 – LÍON NA SEALBHÓIRÍ – AR AN DÁTA TAGARTHA

Tír:

		Uimhir
		0010
Líon iomlán na sealbhóirí	0010	
sealbhóirí tiachóg coinneála	0020	

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2902/oj

an méid díobh ar sealbhóirí miondíola iad	0030	
sealbhóirí tiachóg neamhchoinneála	0040	
an méid ar sealbhóirí miondíola iad	0050	

S 02.00 – LUACH AN CHOMHARTHA A EISÍODH AGUS MÉID AN CHÚLCHISTE SÓCMHAINNÍ

		Méid
		0010
Luach an chomhartha arna eisiúint – ar an dáta tagartha	0010	
Luach an chomhartha eisithe – uasmhéid	0020	
Luach an chomhartha eisithe – ar an meán	0030	
Luach an chomhartha eisithe – íosmhéid	0040	
Méid an chúlchiste sócmhainní – ar an dáta tagartha	0050	
Méid an chúlchiste sócmhainní – uasmhéid	0060	
Méid an chúlchiste sócmhainní – ar an meán	0070	
Méid an chúlchiste sócmhainní – íosmhéid	0080	

S 03.01 – COMHDHÉANAMH AN CHÚLCHISTE SÓCMHAINNÍ DE RÉIR CHINEÁL NA SÓCMHAINNÍ AGUS NA nAIBÍOCHTAÍ

Airgeadra:	Iomlán agus Liosta airgeadraí

Sraith	**AITHEAN-TÓIR**	**Mír**	**Méid/Margadhluach**
			0010
0010	1	**Cúlchiste sócmhainní**	
0020	2	**Cúlchiste sócmhainní neamhchoigeartaithe**	

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2902/oj
IO L, 28.11.2024

0030	2.1	Boinn agus nótaí bainc	
0040	2.2	Éarlaisí le hinstitiúidí creidmheasa	
0050	2.3	Tráchtearraí	
0060	2.3.1	ina measc iad siúd: atá bunaithe ar ór	
0070	2.3.2	ina measc iad siúd: atá bunaithe ar mhiotail lómhara eile	
0080	2.3.3	ina measc iad siúd: atá bunaithe ar mhiotail tionscail	
0090	2.3.4	ina measc iad siúd: atá bunaithe ar fhuinneamh	
0100	2.3.5	ina measc iad siúd: atá bunaithe ar bheostoc	
0110	2.3.6	ina measc iad siúd: atá bunaithe ar ghráinní	
0120	2.3.7	ina measc iad siúd: atá bunaithe ar tháirgí boga	
0130	2.4	Sócmhainní in ionannas le héilimh ar bhainc cheannais nó arna ráthú acu	
0140	2.5	Sócmhainní in ionannas le héilimh ar rialtais láir nó arna ráthú acu	
0150	2.6	Sócmhainní in ionannas le héilimh ar rialtais réigiúnacha / údaráis áitiúla nó arna ráthú acu	
0160	2.7	Sócmhainní in ionannas le héilimh ar Eintitis san Earnáil Phoiblí nó arna ráthú acu	
0170	2.8	Sócmhainní in ionannas le héilimh ar Institiúidí Creidmheasa nó arna ráthú acu (arna gcosaint ag rialtas Ballstáit, iasachtóir cur chun cinn)	
0180	2.9	Sócmhainní in ionannas le héilimh ar bhainc forbartha iltaobhacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta nó arna ráthú acu	
0190	2.10	Aonaid gnóthas comhinfheistíochta (GC) cháilitheacha	
0200	2.11	Bannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin	
0210	2.12	Ionstraimí airgeadais fíorleachtacha eile, a úsáidtear mar shócmhainní dá dtagraítear	
0220	2.12.1	ina measc: Cripteashócmhainní	

0230	2.13	Eile	
0240	3	**Coigeartuithe**	
0250	3.1	Comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais	
0260	3.1.1	Insreafaí airgid a thiocfaidh in aibíocht laistigh de na chéad 5 lá oibre amach romhainn	
0270	3.1.2	Eis-sreafaí comhthaobhachta a thiocfaidh in aibíocht laistigh de na chéad 5 lá oibre amach romhainn	
0280	3.1.2.1	ina measc: Bannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin	
0290	3.2	Idirbhearta athcheannaigh	
0300	3.2.1	Eis-sreafaí airgid a thiocfaidh in aibíocht laistigh de na 5 lá oibre amach romhainn	
0310	3.2.2	Insreafaí comhthaobhachta a thiocfaidh in aibíocht laistigh de na 5 lá oibre amach romhainn	
0320	3.2.2.1	ina measc: Bannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin	
0330	3.3	Babhtálacha comhthaobhachta	
0340	3.3.1	Eis-sreafaí comhthaobhachta a thiocfaidh in aibíocht laistigh de na chéad 5 lá oibre amach romhainn	
0350	3.3.1.1	ina measc: Bannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin	
0360	3.3.2	Insreafaí comhthaobhachta a thiocfaidh in aibíocht laistigh de na 5 lá oibre amach romhainn	
0370	3.3.2.1	ina measc: Bannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin	
0380	4	**Luach na sócmhainne dá dtagraítear**	
0390	5	**Rósholáthar urrúis chomhthaobhaigh éigeantach**	

S 03.02 – COMHDHÉANAMH AN CHÚLCHISTE SÓCMHAINNÍ DE RÉIR CHONTRAPHÁIRTÍ/EISITHEORA

Airgeadra:	Iomlán agus Liosta airgeadraí

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2902/oj

			Cineál táirge	Contra-pháirtí Ainm an Eisitheora	Aitheantóir eintitis dhlítheanaigh (LEI) Cód	Cineál institiúid	Méid/Luach margaidh	mar % de shócmhainní iomlána na hinstitiúide creidmheasa a fhaigheann taisce
Sraith	**AITHEAN-TÓIR**	**Mír**	0010	0020	0030	0040	0050	0060
0010	1.01	**Na 20 contrapháirtí is mó le haghaidh na sócmhainní a áirítear sa chúlchiste sócmhainní**						
0020	1.02							
0030	1.03							
0040	1,04							
0050	1,05							
0060	1,06							
0070	1,07							
0080	1,08							
0090	1,09							
0100	1.10							
0110	1,11							
0120	1,12							
0130	1,13							
0140	1,14							
0150	1,15							
0160	1,16							
0170	1,17							
0180	1,18							
0190	1,19							
0200	1.20							

0210	1,21	**CONTRAPHÁIRTITHE GACH TAISCE BAINC EILE**						
0220	1,22	**GACH EISITHEOIR URRÚS EILE**						
0230	1,23	**CONTRAPHÁIRTITHE GACH DÍORTHACH EILE**						

S 04.01 – IDIRBHEARTA IN AGHAIDH AN LAE – AR AN MEÁN

Tír:

		Uimhir	Méid
		0010	0020
Idirbhearta in aghaidh an lae – ar an meán	0010		
ina measc, a rinneadh laistigh den tír	0020		
ina measc, a fuair idirbheart chuig an tír	0030		
ina measc, a sheol idirbheart ón tír	0040		

S 04.02 – IDIRBHEARTA IN AGHAIDH AN LAE – AR AN MEÁN SAN AONTAS EORPACH

		Uimhir	Méid
		0010	0020
Idirbhearta in aghaidh an lae – ar an meán	0010		
ina measc, a rinneadh laistigh den Aontas	0020		
ina measc, a fuair idirbheart chuig an Aontas Eorpach	0030		
ina measc, a sheol idirbheart ón Aontas	0040		

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2902/oj

S 04.03 – IDIRBHEARTA AGUS AISTRITHE IN AGHAIDH AN LAE IDIR TIACHÓGA NEAMHCHOINNEÁLA – AR AN MEÁN

		Uimhir	Méid
		0010	0020
Idirbhearta idir tiachóga neamhchoinneála in aghaidh an lae – ar an meán	0010		
Idirbhearta idir tiachóga neamhchoinneála in aghaidh an lae – ar an meán	0020		

S 04.04 – An mhodheolaíocht a úsáidtear le haghaidh theimpléad S 04.03

		0010
Tuairisc ar an modheolaíocht a úsáidtear le haghaidh theimpléad S 04.03	0010	

S 05.00 – IDIRBHEARTA IN AGHAIDH AN LAE A BHAINEANN LE hÚSÁIDÍ MAR MHODH MALARTAITHE LAISTIGH DE LIMISTÉAR AIRGEADRA AONAIR – AR AN MEÁN

Limistéar airgeadra aonair:

		Uimhir	Méid
		0010	0020
Idirbhearta in aghaidh an lae – ar an meán	0010		

IARSCRÍBHINN II

TUAIRISCIÚ LE hAGHAIDH EISITHEOIRÍ COMHARTHAÍ SÓCMHAINN-TAGARTHA AGUS COMHARTHAÍ RÍOMH-AIRGID A AINMNÍTEAR IN AIRGEADRA NACH AIRGEADRA OIFIGIÚIL BALLSTÁIT É — TREORACHA

Clár

CUID I: TREORACHA GINEARÁLTA 14

I. Struchtúr 14

II. Raon feidhme an tuairiscithe 15

CUID II: LÍON NA SEALBHÓIRÍ (S 01.00) 15

III. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 01.00 15

IV. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 01.00 16

CUID III: LUACH AN CHOMHARTHA ARNA EISIÚINT AGUS MÉID AGUS COMHDHÉANAMH CHÚLCHISTE NA SÓCMHAINNÍ (S 02.00, S 03.01 agus S 03.02) 16

V. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 02.00 16

VI. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 02.00 16

VII. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 03.01 17

VIII. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 03.01 18

IX. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 03.02 22

X. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 03.02 23

CUID IV: IDIRBHEARTA IN AGHAIDH AN LAE (S 04.01, S 04.02, S 04.03 agus S 04.04) 24

XI. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 04.01 24

XII. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 04.01 25

XIII. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 04.02 25

XIV. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 04.02 26

XV. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 04.03 26

XVI. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 04.03 26

XVII. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 4.04 27

XVIII. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 04.04 27

CUID V IDIRBHEARTA IN AGHAIDH AN LAE A BHAINEANN LE hÚSÁIDÍ MAR MHODH MALARTAITHE LAISTIGH DE LIMISTÉAR AIRGEADRA AONAIR (S 05.00) 27

XIX. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 05.00 27

XX. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 05.00 27

CUID I: TREORACHA GINEARÁLTA

I. Struchtúr

1. San Iarscríbhinn seo tá na treoracha maidir le tuairisciú na dteimpléad d'eisitheoirí.

2. Tá ceithre thacar teimpléad éagsúla san Iarscríbhinn seo:
   (a) líon na sealbhóirí (S 01.00);
   (b) luach an chomhartha arna eisiúint agus méid agus comhdhéanamh an chúlchiste sócmhainní (S 02.00, S 03.01 agus S 03.02);
   (c) idirbhearta in aghaidh an lae (S 04.01, S 04.02, S 04.03 agus S 04.04);

(d) idirbhearta in aghaidh an lae a bhaineann le húsáidí mar mhodh malartaithe laistigh de limistéar airgeadra aonair (S 05.00).

3. Soláthraítear tagairtí dlí le haghaidh gach teimpléid. Áirítear sa chuid seo den Rialachán Cur Chun Feidhme seo tuilleadh faisnéise mionsonraithe maidir le gnéithe níos ginearálta den tuairisciú ar gach bloc teimpléad agus treoracha maidir le suíomhanna sonracha.

4. Tuairisceoidh eisitheoirí sna colúin a lipéadaítear mar 'Méid' nó 'Méid/Margadhluach' na luachanna airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadra oifigiúil Bhallstát an údaráis inniúil, gan beann ar ainmníocht na linne sócmhainní atá faoi thagairt ag an gcomhartha sócmhainn-tagartha. Sna colúin a lipéadaítear mar "Uimhir", tuairisceofar luachanna uimhriúla, de réir na dtreoracha sonracha a thugtar do na teimpléid. Tá an méid sin gan dochar do theimpléid S 03.01, S 03.02 agus S 04.04, dá sonraítear iad ina dtreoracha gaolmhara.

5. Leantar an nodaireacht ghinearálta seo a leanas sna treoracha: {Teimpléad; Ró; Colún; z-ais}. I gcás teimpléad nach bhfuil ach aon cholún amháin iontu, ní thagraítear ach do rónna {Teimpléad; Ró}, le z-ais i gcás inarb infheidhme.

6. Agus na teimpléid á líonadh isteach acu, úsáidfidh eisitheoirí an fhaisnéis arna soláthar ag na soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní, i gcomhréir le hAirteagal 1(2) agus Airteagal 3(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme seo.

II. Raon feidhme an tuairiscithe

7. Tuairisceoidh eisitheoirí na teimpléid uile a leagtar amach san Iarscríbhinn seo.

8. Tuairisceoidh eisitheoirí na teimpléid a leagtar amach san Iarscríbhinn seo ar leithligh le haghaidh gach comhartha sócmhainn-tagartha.

CUID II: LÍON NA SEALBHÓIRÍ (S 01.00)

III. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 01.00

9. I gcomhréir le hAirteagal 22(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2023/1114, beidh líon shealbhóirí an chomhartha sócmhainn-tagartha amhail ag deireadh an dáta tagartha i dTeimpléad S 01.00, agus beidh na miondealuithe seo a leanas ann:

(a) Sealbhóirí tiachóg coinneála, lena n-áirítear "ina measc" le haghaidh sealbhóirí miondíola;

(b) Sealbhóirí tiachóg neamhchoinneála, lena n-áirítear chun críche an teimpléid seo sealbhóirí aon chineál eile seoltaí mórleabhar dáilte a úsáidtear chun críoch socraíochta agus nach bhfuil á rialú ag sealbhóir an chomhartha sócmhainn-tagartha nó ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní; áirítear miondealú breise le haghaidh sealbhóirí miondíola mar "ina measc" sa ró sin.

10. Tuairisceofar faisnéis faoin teimpléad seo ar leibhéal iomlán agus ar leithligh le haghaidh gach Ballstáit nó tríú tír. Is mar seo a leanas a chinnfidh suíomh na sealbhóirí tír an tsealbhóra:

a. i gcás daoine nádúrtha, an áit a bhfuil gnáthchónaí orthu;

b. i gcás daoine dlítheanacha, seoladh na hoifige cláraithe.

11. Sainaithneoidh eisitheoirí, bunaithe ar an bhfaisnéis a fhaightear ó sholáthraithe seirbhísí cripteashócmhainní i gcomhréir le hAirteagal 1(2) agus Airteagal 3(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme seo, dúbailtí a d'fhéadfadh a bheith ann idir na sealbhóirí céanna ag a bhfuil ilchuntais le soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní éagsúla. Áireofar cuntais den sórt sin, i gcás inarb é an sealbhóir iarbhír an duine céanna nó an t-eintiteas céanna, mar shealbhóir amháin chun críocha Theimpléad S 01.00.

IV. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 01.00

Ró	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**Líon iomlán na sealbhóirí** Líon iomlán na sealbhóirí.
0020	**sealbhóirí tiachóg coinneála** An líon sealbhóirí tiachóg neamhchoinneála de réir bhrí Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán Tarmligthe [C(2024) 6910] ([1]).
0030	**an méid díobh ar sealbhóirí miondíola iad** Laistigh de raon feidhme ró *0020 – ina measc sealbhóirí tiachóg coinneála,* líon na sealbhóirí miondíola.
0040	**sealbhóirí tiachóg neamhchoinneála** An líon sealbhóirí tiachóg neamhchoinneála de réir bhrí Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán Tarmligthe [C(2024) 6910], nó sealbhóir aon chineáil eile seolta mórleabhar dáilte a úsáidtear chun críoch socraíochta agus nach bhfuil á rialú ag sealbhóir an chomhartha sócmhainn-tagartha nó ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, agus gach sealbhóir eile an chomhartha sócmhainn-tagartha nach n-áirítear faoi ró *0020 – ina measc sealbhóirí tiachóg coinneála*. Mar gheall ar an bhfaisnéis theoranta faoi shealbhóirí tiachóg neamhchoinneála, ní mór d'eisitheoirí a meastacháin don ró sin a thuairisciú, arna ríomh ar bhonn na hiarrachta is fearr.
0050	**an méid díobh ar sealbhóirí miondíola iad** Laistigh de raon feidhme ró *0040 – ina measc sealbhóirí tiachóg neamhchoinneála*, líon na sealbhóirí miondíola. Mar gheall ar an bhfaisnéis theoranta faoi shealbhóirí tiachóg neamhchoinneála, ní mór d'eisitheoirí a meastacháin don ró sin a thuairisciú, arna ríomh ar bhonn na hiarrachta is fearr.

CUID III: LUACH AN CHOMHARTHA ARNA EISIÚINT AGUS MÉID AGUS COMHDHÉANAMH CHÚLCHISTE NA SÓCMHAINNÍ (S 02.00, S 03.01 agus S 03.02)

V. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 02.00

12. I gcomhréir le hAirteagal 22(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2023/1114, áireofar i dTeimpléad S 02.00 faisnéis faoi luach an chomhartha arna eisiúint agus faoi mhéid an chúlchiste sócmhainní lena mbaineann.

VI. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 02.00

Ró	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**Luach an chomhartha arna eisiúint – ar an dáta tagartha** Luach comhiomlánaithe an chomhartha arna eisiúint, ar an dáta tagartha maidir le tuairisciú, arna ríomh de réir an mhodha luachála a shainmhínítear in Airteagal 4(3) de Rialachán Tarmligthe [(2024) 6910].

([1]) Rialachán Tarmligthe [C(2024) 6910] an 31 Deireadh Fómhair 2024 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (EU) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an mhodheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar líon agus luach na n-idirbheart a bhaineann le húsáidí a bhaintear mar mhodh malartaithe as comharthaí sócmhainn-tagartha agus comharthaí ríomh-airgid atá ainmnithe in airgeadra nach airgeadra oifigiúil de Bhallstát baile (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

Ró	Tagairtí dlí agus treoracha
0020	**Luach an chomhartha arna eisiúint — uasmhéid** An t-uasmhéid i measc luachanna comhiomlánaithe an chomhartha arna eisiúint amhail ag deireadh gach lae féilire le linn na tréimhse tuairiscithe, arna ríomh de réir an mhodha luachála a shainmhínítear in Airteagal 4(3) de Rialachán Tarmligthe [(2024) 6910].
0030	**Luach an chomhartha arna eisiúint — ar an meán** Meánmhéid luachanna comhiomlánaithe an chomhartha arna eisiúint amhail ag deireadh gach lae féilire le linn na tréimhse tuairiscithe, arna ríomh de réir an mhodha luachála a shainmhínítear in Airteagal 4(3) de Rialachán Tarmligthe [2024) 6910]. Ríomhfar an meán mar shuim luachanna an chomhartha eisithe arna ríomh do gach lá féilire don tréimhse tuairiscithe, arna roinnt ar líon na laethanta féilire sa tréimhse tuairiscithe.
0040	**Luach an chomhartha arna eisiúint – íosmhéid** An t-íosmhéid i measc luachanna comhiomlánaithe an chomhartha arna eisiúint amhail ag deireadh gach lae féilire le linn na tréimhse tuairiscithe, arna ríomh de réir an mhodha luachála a shainmhínítear in Airteagal 4(3) de Rialachán Tarmligthe [(2024) 6910].
0050	**Méid an chúlchiste sócmhainní – ar an dáta tagartha** Luach an chúlchiste sócmhainní amhail ag deireadh an dáta tagartha, arna ríomh de réir na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2023/1114 agus Rialachán Tarmligthe lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 36(4) de Rialachán (AE) 2023/1114.
0060	**Méid an chúlchiste sócmhainní – uasmhéid** An t-uasmhéid i measc luachanna an chúlchiste sócmhainní amhail ag deireadh gach lae féilire le linn na tréimhse tuairiscithe, arna ríomh de réir na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2023/1114 agus Rialachán Tarmligthe lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 36(4) de Rialachán (AE) 2023/1114.
0070	**Méid an chúlchiste sócmhainní – ar an meán** Meánmhéid luachanna an chúlchiste sócmhainní amhail ag deireadh gach lae féilire le linn na tréimhse tuairiscithe, arna ríomh de réir na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2023/1114 agus Rialachán Tarmligthe lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 36(4) de Rialachán (AE) 2023/1114. Ríomhfar an meán mar shuim luachanna an chúlchiste sócmhainní arna ríomh le haghaidh gach lae féilire don tréimhse tuairiscithe, arna roinnt ar líon na laethanta féilire sa tréimhse tuairiscithe.
0080	**Méid an chúlchiste sócmhainní – íosmhéid** An t-íosmhéid i measc luachanna an chúlchiste sócmhainní amhail ag deireadh gach lae féilire le linn na tréimhse tuairiscithe, arna ríomh de réir na gceanglas a leagtar amach Airteagal 36 Rialachán (AE) 2023/1114 agus Rialachán Tarmligthe lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 36(4) de Rialachán (AE) 2023/1114.

VII. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 03.01

13. I gcomhréir le hAirteagal 22(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2023/1114, áireofar le Teimpléad S 03.01 faisnéis maidir le méid an chúlchiste sócmhainní, lena n-áirítear comhdhéanamh an chúlchiste sócmhainní de réir chineál na sócmhainní agus na n-aibíochtaí.

14. Tuairisceoidh eisitheoirí na hítimí uile i dTeimpléad S 03.01 seo in airgeadra oifigiúil an Bhallstáit baile (airgeadra tuairiscithe), gan beann ar ainmníocht iarbhír na n-ítimí sin. Chun na gcríoch sin, déanfar ítimí nach bhfuil ainmnithe san airgeadra tuairiscithe a chomhshó san airgeadra tuairiscithe trí úsáid a bhaint as spotráta malairte BCE is infheidhme ar an dáta tagartha tuairiscithe. Tuairisceoidh eisitheoirí ar leithligh freisin ítimí an teimpléid sin atá ainmnithe san airgeadra céanna, arna gcur i láthair ina n-airgeadra ainmníochta tríd an luach z-ais gaolmhar a shocrú dá réir sin.

VIII. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 03.01

Rónna	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**Cúlchiste sócmhainní** Méid/margadhluach na sócmhainní sa chúlchiste sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2023/1114 agus an sásra leachtaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe, lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114, á chur san áireamh.
0020	**Cúlchiste sócmhainní neamhchoigeartaithe** Méid/margadhluach na sócmhainní sa chúlchiste sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2023/1114 sula gcuirtear san áireamh an sásra leachtaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe, lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114.
0030	**Boinn agus nótaí bainc** Líon iomlán na mbonn agus na nótaí bainc.
0040	**Éarlaisí le hinstitiúidí creidmheasa** Tuairisceofar anseo méid na dtaiscí le hinstitiúidí creidmheasa.
0050	**Tráchtearraí** Tuairisceofar anseo margadhluach na dtráchtearraí nó na scaireanna i gcistí a infheistíonn i dtráchtearraí d'fhonn praghas tráchtearraí a rianú.
0060	**an méid díobh siúd: atá bunaithe ar ór** Tráchtearraí mar a thuairiscítear i ró 0050 atá bunaithe ar ór.
0070	**an méid díobh siúd: atá bunaithe ar mhiotail lómhara eile** Tráchtearraí mar a thuairiscítear i ró 0050 atá bunaithe ar mhiotail lómhara eile seachas ór, lena n-áirítear platanam nó airgead.
0080	**an méid díobh siúd: atá bunaithe ar mhiotail tionscail** Tráchtearraí mar a thuairiscítear i ró 0050 atá bunaithe ar mhiotail tionscail, ina measc Alúmanam, Copar, Nicil Luaidhe, Stán nó Sinc.
0090	**an méid díobh siúd: atá bunaithe ar fhuinneamh** Tráchtearraí mar a thuairiscítear i ró 0050 atá bunaithe ar fhuinneamh, lena n-áirítear Amhola (WTI agus Brent), Gás Nádúrtha, Gásailín RBOB, Ola Gháis ina bhfuil Méid Íseal Sulfair nó Díosal ina bhfuil Méid Sáríseal Sulfair.
0100	**an méid díobh siúd: atá bunaithe ar bheostoc** Tráchtearraí mar a thuairiscítear i ró 0050 atá bunaithe ar bheostoc, lena n-áirítear Eallach Beo nó Muca Barainneacha.
0110	**an méid díobh siúd: atá bunaithe ar ghráinní** Tráchtearraí mar a thuairiscítear i ró 0050 atá bunaithe ar ghráinní, lena n-áirítear Pónairí Soighe Arbhair, Ola Pónaire Soighe, Min nó Cruithneacht Pónairí Soighe (Chicago agus KC HRW).

Rónna	Tagairtí dlí agus treoracha
0120	**an méid díobh siúd: atá bunaithe ar tháirgí boga** Tráchtearraí mar a thuairiscítear i ró 0050 atá bunaithe ar tháirgí boga, lena n-áirítear Cócó, Caife, Cadás nó Siúcra.
0130	**Sócmhainní in ionannas le héilimh ar bhainc cheannais nó arna ráthú acu** Margadhluach ionstraimí airgeadais fíorleachtacha mar a shainmhínítear in Airteagail 2 agus 3 de Rialachán Tarmligthe lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114, arb ionann iad agus éilimh ar bhainc cheannais nó a ráthaíonn bainc cheannais dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointí (b) agus (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ([2]).
0140	**Sócmhainní in ionannas le héilimh ar rialtais láir nó arna ráthú acu** Margadhluach ionstraimí airgeadais fíorleachtacha mar a shainmhínítear in Airteagail 2 agus 3 de Rialachán Tarmligthe lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114, arb ionann iad agus éilimh ar rialtais lárnacha nó a ráthaíonn rialtais lárnacha dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointí (c) agus (d), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61 ón gCoimisiún
0150	**Sócmhainní in ionannas le héilimh ar rialtais réigiúnacha /údaráis áitiúla nó arna ráthú acu** Margadhluach ionstraimí airgeadais fíorleachtacha mar a shainmhínítear in Airteagail 2 agus 3 de Rialachán Tarmligthe lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114, arb ionann iad agus éilimh ar rialtais réigiúnacha nó údaráis áitiúla nó a ráthaíonn rialtais réigiúnacha nó údaráis áitiúla dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointe (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.
0160	**Sócmhainní in ionannas le héilimh ar eintitis san earnáil phoiblí nó arna ráthú acu** Margadhluach ionstraimí airgeadais fíorleachtacha mar a shainmhínítear in Airteagail 2 agus 3 de Rialachán Tarmligthe lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114, arb ionann iad agus éilimh ar eintitis earnála poiblí nó a ráthaíonn eintitis earnála poiblí dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointe (c), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.
0170	**Sócmhainní in ionannas le héilimh ar institiúidí creidmheasa nó arna ráthú acu (arna gcosaint ag rialtas Ballstáit, iasachtóir cur chun cinn)** Margadhluach ionstraimí airgeadais fíorleachtacha, mar a shainmhínítear in Airteagail 2 agus 3 de Rialachán Tarmligthe lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114, agus a eisíonn institiúidí creidmheasa dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointe (e), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.
0180	**Sócmhainní in ionannas le héilimh ar bhainc forbartha iltaobhacha agus ar eagraíochtaí idirnáisiúnta nó arna ráthú acu** Margadhluach ionstraimí airgeadais fíorleachtacha mar a shainmhínítear in Airteagail 2 agus 3 de Rialachán Tarmligthe lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114, arb ionann iad agus éilimh ar bhainc forbartha iltaobhacha agus ar eagraíochtaí idirnáisiúnta nó a ráthaíonn bainc forbartha iltaobhacha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointe (g), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.

([2]) Rialachán Tarmligthe [(2024) 6910] ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2014 chun forlíonadh a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca leis an gceanglas maidir le cumhdach leachtachta le haghaidh institiúidí creidmheasa (nár foilsíodh fós in Iris Ofigiúil) IO L 11, 17.1.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2015/61/oj).

Rónna	Tagairtí dlí agus treoracha
0190	**Aonaid gnóthas comhinfheistíochta (GC) cháilitheacha** Margadhluach scaireanna nó aonad in GCanna dá dtagraítear in Airteagal 15(2)(a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61. Tuairisceofar margadhluach aonad in GCUI dá dtagraítear in Airteagal 38(2) de Rialachán (AE) 2023/1114 anseo freisin.
0200	**Bannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin** Margadhluach ionstraimí airgeadais fíorleachtacha mar a shainmhínítear in Airteagail 2 agus 3 de Rialachán Tarmligthe lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114, arb ionann iad agus neamhchosaintí i bhfoirm bannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin dá dtagraítear in Airteagal 10(1), pointe (f), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/61.
0210	**Ionstraimí airgeadais fíorleachtacha eile, a úsáidtear mar shócmhainní dá dtagraítear** Margadhluach ionstraimí airgeadais fíorleachtacha a úsáidtear mar shócmhainní dá dtagraítear agus a thagann faoi Airteagal 2(1), pointe (a), pointe (iii), de Rialachán Tarmligthe lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114.
0220	**an méid díobh siúd: Cripteashócmhainní** Ionstraimí airgeadais fíorleachtacha mar a thuairiscítear i ró 0210 más cripteashócmhainní iad dá dtagraítear in Airteagal 2(4), pointe (a), de Rialachán (AE) 2023/1114.
0230	**Eile** Méid/margadhluach aon sócmhainne eile sa chúlchiste sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2023/1114.
0240	**Coigeartuithe** Tuairisceofar anseo tionchar na gcoigeartuithe a bhaineann leis na sócmhainní sa chúlchiste sócmhainní dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2023/1114, mar gheall ar fhoirceannadh idirbheart cistithe urraithe, iasachtaithe urraithe nó idirbheart babhtála comhthaobhachta a rinneadh agus cúlsócmhainní á n-úsáid ar chéim amháin ar a laghad den idirbheart, i gcás ina n-aibeoidh an t-idirbheart laistigh de 5 lá oibre, mar a shonraítear in Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114.
0250	**Comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais**
0260	**Insreafaí airgid a thiocfaidh in aibíocht laistigh de na chéad 5 lá oibre amach romhainn** Méid an insreafa airgid ó idirbhearta athcheannaigh droim ar ais i gcás ina n-aibíonn an t-idirbheart laistigh de na 5 lá oibre dar gcionn tar éis an dáta tagartha tuairiscithe.
0270	**Eis-sreafaí comhthaobhachta a thiocfaidh in aibíocht laistigh de na chéad 5 lá oibre amach romhainn** Tuairisceofar margadhluach na n-eis-sreafaí comhthaobhachta ó idirbhearta athcheannaigh droim ar ais i gcás ina n-aibíonn an t-idirbheart laistigh de na 5 lá oibre tar éis an dáta tagartha tuairiscithe anseo má thuairiscítear an chomhthaobhacht atá le breacadh faoi ró 0020.
0280	**an méid díobh siúd: Bannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin** Margadhluach na n-eis-sreafaí comhthaobhachta mar a thuairiscítear i ró 0270 i bhfoirm bannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a), pointe (ii), de Rialachán Tarmligthe lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114.

Rónna	Tagairtí dlí agus treoracha
0290	**Idirbhearta athcheannaigh**
0300	**Eis-sreafaí airgid a thiocfaidh in aibíocht laistigh de na 5 lá oibre amach romhainn** Méid an eis-sreafa airgid ó idirbhearta athcheannaigh i gcás ina dtagann an t-idirbheart in aibíocht laistigh de na 5 lá oibre tar éis an dáta tagartha tuairiscithe.
0310	**Insreafaí comhthaobhachta a thiocfaidh in aibíocht laistigh de na 5 lá oibre amach romhainn** Margadhluach na n-insreafaí comhthaobhachta ó idirbhearta athcheannaigh i gcás ina n-aibíonn an t-idirbheart laistigh de na 5 lá oibre tar éis an dáta tagartha tuairiscithe dá gcáileodh an chomhthaobhacht atá le fáil, dá mbeadh sí neamhualaithe, mar shócmhainn sa chúlchiste sócmhainní.
0320	**an méid díobh siúd: Bannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin** Margadhluach na n-insreafaí comhthaobhachta mar a thuairiscítear i ró 0310 i bhfoirm bannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a), pointe (ii), de Rialachán Tarmligthe lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114.
0330	**Babhtálacha comhthaobhachta**
0340	**Eis-sreafaí comhthaobhachta a thiocfaidh in aibíocht laistigh de na chéad 5 lá oibre amach romhainn** Margadhluach na n-eis-sreafaí comhthaobhachta ó bhabhtálacha comhthaobhachta i gcás ina n-aibíonn an t-idirbheart laistigh de na 5 lá oibre tar éis an dáta tagartha má thuairiscítear an chomhthaobhacht atá le breacadh faoi ró 0020.
0350	**an méid díobh siúd: Bannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin** Margadhluach na n-eis-sreafaí comhthaobhachta mar a thuairiscítear i ró 0340 i bhfoirm bannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a), pointe (ii), de Rialachán Tarmligthe lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114.
0360	**Insreafaí comhthaobhachta a thiocfaidh in aibíocht laistigh de na 5 lá oibre amach romhainn** Margadhluach na n-insreafaí comhthaobhachta ó bhabhtálacha comhthaobhachta i gcás ina n-aibíonn an t-idirbheart laistigh de na 5 lá oibre tar éis an dáta tagartha dá gcáileodh an chomhthaobhacht atá le fáil, dá mbeadh sí neamhualaithe, mar shócmhainn sa chúlchiste sócmhainní.
0370	**an méid díobh siúd: Bannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin** Margadhluach na n-insreafaí comhthaobhachta mar a thuairiscítear i ró 0360 i bhfoirm bannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (a), pointe (ii), de Rialachán Tarmligthe lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114.
0380	**Luach na sócmhainne dá dtagraítear** Luach airgeadúil nó margadhluach na sócmhainne-tagartha ag na comharthaí arna n-eisiúint má dhéantar tagairt don chomhartha d'airgeadraí oifigiúla nó d'airgeadraí eile seachas airgeadraí oifigiúla, faoi seach.
0390	**Rósholáthar urrúis chomhthaobhaigh éigeantach** Luach an chúlchiste sócmhainní ar mó é ná luach na sócmhainní dá dtagraítear agus a shloinntear mar chéatadán de luach na sócmhainní dá dtagraítear, i gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán Tarmligthe lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 36(4) de Rialachán (AE) 2023/1114.

Colúin	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**Méid/margadhluach** Tuairisceoidh eisitheoirí i gcolún 0010 margadhluach, nó méid i gcás inarb infheidhme, na sócmhainní sa chúlchiste sócmhainní le haghaidh rónna 0010 go 0380. Tuairisceofar ró 0390 mar chéatadán. Leis an méid/margadhluach a thuairiscítear i gcolún 0010, cuirfear san áireamh glan-eis-sreafaí agus glan-insreafaí a mbeadh dúnadh luath an fhálaithe mar thoradh orthu, lena n-áirítear díorthaigh lena bhfálaítear an difríocht idir an t-athrú ar mhargadhluach na gcúlsócmhainní agus an t-athrú ar mhargadhluach na sócmhainní dá dtagraítear leis an gcomhartha. Áirítear leis sin díorthaigh sa chúlchiste sócmhainní a bhaineann leis na sócmhainní dá dtagraítear leis na comharthaí i gcás nach ndéantar tagairt do na comharthaí d'airgeadraí oifigiúla. Ní chuirfear caolchorrlaigh rialála san áireamh leis an méid/margadhluach a thuairiscítear i gcolún 0010. Cuirfidh eisitheoirí san áireamh an glansreabhadh airgid, bíodh sé ina eis-sreabhadh nó ina insreabhadh, a thiocfadh chun cinn dá ndúnfaí an fálú ar an dáta tagartha tuairiscithe. Ní chuirtear san áireamh leis sin athruithe féideartha ar luach na sócmhainne sa todhchaí.

z-ais	Tagairtí dlí agus treoracha
Airgeadra	Léireoidh an t-eisitheoir cén t-airgeadra atá faoin raon feidhme i gcomhréir le pointe 15 don teimpléad a chuirtear i láthair.

IX. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 03.02

15. I gcomhréir le hAirteagal 22(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2023/1114, áireofar le Teimpléad S 03.02 faisnéis maidir le méid an chúlchiste sócmhainní, lena n-áirítear comhdhéanamh an chúlchiste sócmhainní de réir contrapháirtí/eisitheora.

16. Chun faisnéis a bhailiú faoi chomhchruinniú de réir contrapháirtithe maidir le gach cineál sócmhainne laistigh den chúlchiste sócmhainní i dTeimpléad S 03.02, cuirfidh eisitheoirí na treoracha atá sa roinn seo i bhfeidhm.

17. Tuairisceoidh eisitheoirí an fiche contrapháirtí is mó le haghaidh na sócmhainní a áirítear ina gcúlchiste sócmhainní. Is é an contrapháirtí a thuairisceofar in ítim 1.01 an contrapháirtí lena sealbhaítear an méid is mó sócmhainní i gcoibhneas le contrapháirtí amháin, agus gach cineál sócmhainne á mheas ar leithligh i bhfoirm taiscí le hurrúis arna n-eisiúint ag an gcontrapháirtí sin, risíochtaí díorthach leis an gcontrapháirtí sin nó risíochtaí eile leis an gcontrapháirtí sin, ar an dáta tagartha tuairiscithe; beidh ítim 1.02 ar an dara ítim is mó; agus is mar an gcéanna é maidir leis na hítimí atá fágtha. Maidir leis na taiscí bainc uile atá fágtha le, na hurrúis arna n-eisiúint ag, risíochtaí díorthach le contrapháirtithe eile, tuairisceofar iad ar bhealach comhiomlánaithe in ítimí 1.21, 1.22 agus 1.23, faoi seach.

18. I gcás ina mbaineann contrapháirtí le roinnt grúpaí eintiteas a bhfuil dlúthnaisc acu, ní dhéanfar é a thuairisciú ach uair amháin sa ghrúpa ag a bhfuil an méid is mó sócmhainní.

19. Tuairisceoidh eisitheoirí na hítimí uile sa teimpléad seo san airgeadra tuairiscithe, gan beann ar ainmníocht iarbhír na n-ítimí sin. Chun na gcríoch sin, ba cheart ítimí nach bhfuil ainmnithe san airgeadra tuairiscithe a chomhshó san airgeadra tuairiscithe trí úsáid a bhaint as spotráta malairte BCE is infheidhme ar an dáta tagartha tuairiscithe. Tuairisceoidh eisitheoirí ar leithligh freisin ítimí an teimpléid sin atá ainmnithe san airgeadra céanna, arna gcur i láthair ina n-airgeadra ainmníochta tríd an luach z-ais gaolmhar a shocrú dá réir sin.

X. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 03.02

Colúin	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**An cineál táirge** Eisitheoirí/Contrapháirtithe a thaifeadtar i gcolún 0020, sannfar cineál táirge dóibh a chomhfhreagraíonn don idirbheart foluiteach, ag úsáid na gcód seo a leanas a léirítear i gcló trom: — **DEPO** (Taiscí le hinstitiúid creidmheasa sa chúlchiste sócmhainní). — **0 % SEC** (cóimheas cumhdaigh ar leachtacht 0 % caolchorrlach sócmhainní leachtacha – urrúis nó ionstraimí margaidh airgid sa chúlchiste sócmhainní). — **EHCB** (cóimheas cumhdaigh ar leachtacht bannaí faoi chumhdach fíor-ardchaighdeáin sa chúlchiste sócmhainní). — **Aonaid GCUI** (aonaid i GCUI sa chúlchiste sócmhainní). — **DERIV** (Díorthaigh thar an gcuntar nach bhfuil faoi chumhdach corrlaigh sa chúlchiste sócmhainní). — **EILE** (Ionstraimí airgeadais fíorleachtacha eile – urrúis, ionstraimí margaidh airgid nó cripteashócmhainní sa chúlchiste sócmhainní). Tuairisceofar rónna difriúla leis an eisitheoir/contrapháirtí céanna do gach cineál táirge.
0020	**Ainm an Chontrapháirtí/an Eisitheora** Ainmneacha an fiche eisitheoir nó contrapháirtí is mó fad is atá méid na dtaiscí a taisceadh, na n-ionstraimí a eisíodh nó na risíochtaí ar gach ceann acu cothrom le 3 % ar a laghad den chúlchiste sócmhainní mar a thuairiscítear i ró 0010 de S 03.01. Áireofar ar gach ainm an glacadóir taisce nó eisitheoir na n-ionstraimí nó na heintitis uile a bhfuil dlúthnaisc acu lena chéile maidir leis na risíochtaí sin. Gabhfar sa cholún seo ainm iomlán an eintitis dhlítheanaigh as measc na n-eintiteas sin a bhfuil dlúthnaisc acu leis an risíocht is airde ag an eisitheoir agus áireofar ann aon tagairt do chineál na cuideachta i gcomhréir le dlí náisiúnta na gcuideachtaí. Tuairisceofar an ítim is mó i líne 1.01, an dara ceann i líne 1.02, agus mar sin de.
0030	**(Cód LEI)** Cód aitheantóra eintitis dhlítheanaigh an chontrapháirtí.
0040	**Cineál institiúide** Déanfar eisitheoirí/contrapháirtithe a aicmítear mar institiúid creidmheasa a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) arna dtaifeadadh i gcolún 0020, a thuairisciú trí úsáid a bhaint as na cóid seo a leanas a léirítear le cló trom: — **G-SII** má ainmnítear an institiúid creidmheasa a fhaigheann an taisce mar "institiúid dhomhanda a bhfuil tábhacht shistéamach léi" i gcomhréir le hAirteagal 131(1) de Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]). — **O-SII** má ainmnítear an institiúid creidmheasa a fhaigheann an taisce mar "institiúid eile a bhfuil tábhacht shistéamach léi" i gcomhréir le hAirteagal 131(1) de Threoir 2013/36/AE. — **Institiúid mhór (seachas G-SII nó O-SII)** má cháilíonn an institiúid creidmheasa a fhaigheann an taisce mar "institiúid mhór" mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (146), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ach nach sainaithnítear í mar G-SII ná O-SII. — **Eile (institiúidí rialta agus institiúidí beaga neamhchasta)** mura gcáilíonn an institiúid creidmheasa a fhaigheann an taisce mar institiúid mhór mar a shainmhínítear in Airteagal 4(1), pointe (146), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Mura institiúid creidmheasa é an t-eisitheoir/an contrapháirtí, fágfar an réimse seo folamh.

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj).

([4]) Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht na n-institiúidí creidmheasa agus ar mhaoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa agus ar ghnólachtaí infheistíochta, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE, IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj).

Colúin	Tagairtí dlí agus treoracha
0050	**Méid/Margadhluach** Tuairisceofar méid na dtaiscí agus margadhluach na n-urrús agus na ndíorthach anseo agus an sásra leachtaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 6 de Rialachán Tarmligthe, lena mbunaítear caighdeáin theicniúla rialála arna nglacadh de bhun Airteagal 38(5) de Rialachán (AE) 2023/1114, á chur san áireamh. Ní chuirfear caolchorrlaigh rialála san áireamh sa mhéid/margadhluach. Cuirfidh siad san áireamh na glan-eis-sreafaí agus na glan-insreafaí a mbeadh dúnadh luath an fhálaithe mar thoradh orthu.
0060	**mar % de shócmhainní iomlána na hinstitiúide creidmheasa a fhaigheann taisce** Maidir le taiscí in institiúid creidmheasa a áirítear i gcúlchiste sócmhainní na gcomharthaí céanna dá dtagraítear in Airteagal 36 de Rialachán (AE) 2023/1114, tuairisceofar an méid mar chéatadán de shócmhainní iomlána na hinstitiúide creidmheasa a fhaigheann na taiscí sin. Is éard a bheidh i méid iomlán na sócmhainní na sonraí foilsithe is déanaí atá ar fáil de chuid na hinstitiúide creidmheasa ábhartha.

z-ais	Tagairtí dlí agus treoracha
Airgeadra	Léireoidh an t-eisitheoir cén t-airgeadra a bhfuil raon feidhme aige i gcomhréir le pointe 20 don teimpléad a chuirtear i láthair.

CUID IV: IDIRBHEARTA IN AGHAIDH AN LAE (S 04.01, S 04.02, S 04.03 agus S 04.04)

XI. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 04.01

20. I gcomhréir le hAirteagal 22(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2023/1114, áireofar le Teimpléad S 04.01 faisnéis maidir le meánlíon agus meánluach comhiomlán na n-idirbheart in aghaidh an lae le linn na tréimhse tuairiscithe, arna gcur i láthair ar leithligh le haghaidh na dtíortha faoi raon feidhme an tuairiscithe.

21. Is mar a leanas a bheidh suíomh an tionscnóra agus an tairbhí a bhfuil baint aige leis na hidirbhearta, de réir an chur chuige chun tír na sealbhóirí a shainiú i dteimpléad S 01.00 "Líon na sealbhóirí – ar an dáta tagartha":

(a) i gcás daoine nádúrtha, an áit a bhfuil gnáthchónaí orthu;

(b) i gcás daoine dlítheanacha, seoladh na hoifige cláraithe.

22. Beidh na hidirbhearta sin faoi raon feidhme an teimpléid seo, i gcás ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na sealbhóirí a bhfuil baint acu leis an idirbheart lonnaithe laistigh den Aontas. Ina theannta sin, nuair a thagraíonn an comhartha d'airgeadra oifigiúil ceann de Bhallstáit an Aontais, áireofar idirbhearta ina bhfuil an dá shealbhóir lena mbaineann lonnaithe lasmuigh den Aontas freisin ar raon feidhme an tuairiscithe.

23. Cinnfidh an t-eisitheoir luach na n-idirbheart de réir an mhodha luachála a shainmhínítear in Airteagal 4(3) de Rialachán Tarmligthe [C(2024) 6910]

24. Áireofar miondealú le haghaidh na n-idirbheart i dTeimpléad S 04.01:

(a) ina measc, a rinneadh laistigh den tír;

(b) ina measc, a fuair idirbheart chuig an tír;

(c) ina measc, a sheol idirbheart ón tír.

25. Tuairisceofar teimpléad S 04.01 ar leithligh le haghaidh gach tíre a bhaineann leis an idirbheart leis an gcomhartha sócmhainn-tagartha. Is iad tíortha an idirbhirt tíortha cónaithe na sealbhóirí atá páirteach san idirbheart, lena n-áirítear tír an tionscnóra agus tír thairbhí an idirbhirt.

XII. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 04.01

Ró	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**Idirbhearta in aghaidh an lae – ar an meán** I gcás na tíre arna cinneadh leis an z-ais, idirbhearta i gcás ina bhfuil suíomh an tionscnóra nó suíomh an tairbhí laistigh den tír sin.
0020	**Ina measc, a rinneadh laistigh den tír** I gcás na tíre a chinntear leis an z-ais, idirbhearta i gcás ina bhfuil suíomh an tionscnóra agus suíomh an tairbhí araon laistigh den tír sin.
0030	**Ina measc, a fuair idirbheart chuig an tír** I gcás na tíre a chinntear leis an z-ais, idirbhearta i gcás ina bhfuil suíomh an tionscnóra lasmuigh den tír sin agus ina bhfuil suíomh an tairbhí laistigh den tír sin.
0040	**Ina measc, a sheol idirbheart ón tír** I gcás na tíre a chinntear leis an z-ais, idirbhearta i gcás ina bhfuil suíomh an tionscnóra laistigh den tír sin agus ina bhfuil suíomh an tairbhí lasmuigh den tír sin.

Colún	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**Uimhir** Meánlíon na n-idirbheart in aghaidh an lae, arna ríomh mar an líon iomlán idirbheart faoin raon feidhme sa tréimhse tuairiscithe agus é a roinnt ar líon na laethanta féilire sa tréimhse tuairiscithe.
0020	**Méid** Meánluach comhiomlán na n-idirbheart in aghaidh an lae, arna ríomh mar shuim luachanna na n-idirbheart uile faoi raon feidhme sa tréimhse tuairiscithe agus é a roinnt ar líon na laethanta féilire sa tréimhse tuairiscithe.

z-ais	Tagairtí dlí agus treoracha
Ainm na tíre	Tuairisceofar an teimpléad seo ar leithligh le haghaidh gach tíre atá faoin raon feidhme. Is leis an z-ais a chinntear an tír atá faoi raon feidhme an teimpléid shonraigh. Soláthróidh an z-ais na tíortha éagsúla go léir bunaithe ar shuíomh na sealbhóirí a bhfuil baint acu leis na hidirbhearta faoin raon feidhme.

XIII. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 04.02

26. Is é an t-aon difríocht idir Teimpléid S 04.02 agus Teimpléad S 04.01 go mbaineann Teimpléad S 04.02 leis na hidirbhearta uile a bhaineann leis an Aontas agus, dá bhrí sin, nach bhfuil an z-ais ann lena gcinntear an tír atá faoin raon feidhme.

XIV. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 04.02

Ró	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**Idirbhearta in aghaidh an lae – ar an meán** Idirbhearta i gcás ina bhfuil suíomh an tionscnóra nó suíomh an tairbhí laistigh den Aontas.
0020	**An méid díobh a rinneadh laistigh den Aontas** Idirbhearta i gcás ina bhfuil suíomh an tionscnóra agus suíomh an tairbhí araon laistigh den Aontas.
0030	**Ina measc, a fuair idirbheart chuig an Aontas Eorpach** Idirbhearta i gcás ina bhfuil suíomh an tionscnóra lasmuigh den Aontas agus ina bhfuil suíomh an tairbhí laistigh den Aontas.
0040	**An méid díobh a sheol idirbheart ón Aontas** Idirbhearta i gcás ina bhfuil suíomh an tionscnóra laistigh den Aontas agus ina bhfuil suíomh an tairbhí lasmuigh den Aontas.

Colún	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**Uimhir** Meánlíon na n-idirbheart in aghaidh an lae, arna ríomh mar an líon iomlán idirbheart faoin raon feidhme sa tréimhse tuairiscithe agus é a roinnt ar líon na laethanta féilire sa tréimhse tuairiscithe.
0020	**Méid** Meánluach comhiomlán na n-idirbheart in aghaidh an lae, arna ríomh mar shuim luachanna na n-idirbheart uile faoi raon feidhme sa tréimhse tuairiscithe agus é a roinnt ar líon na laethanta féilire sa tréimhse tuairiscithe.

XV. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 04.03

27. I gcomhréir le hAirteagal 22(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2023/1114, áireofar le Teimpléad S 04.03 faisnéis maidir le meánlíon agus meánluach comhiomlán na n-idirbheart agus na n-aistrithe in aghaidh an lae le linn na tréimhse tuairiscithe. Is éard a bheidh sa raon feidhme le haghaidh na n-idirbheart agus na n-aistrithe sa teimpléad seo na cinn idir tiachóga neamhchoinneála nó idir tiachóga neamhchoinneála agus cineálacha eile seoltaí mórleabhar dáilte a úsáidtear chun críoch socraíochta agus nach bhfuil á rialú ag úsáideoir ná ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní.

XVI. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 04.03

Ró	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**Idirbhearta idir tiachóga neamhchoinneála in aghaidh an lae – ar an meán** Maidir le hidirbhearta idir tiachóga neamhchoinneála, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán Tarmligthe [(2024) 6910], nó idir tiachóga neamhchoinneála agus cineálacha eile seoltaí mórleabhar dáilte nach bhfuil á rialú ag sealbhóir an chomhartha sócmhainn-tagartha nó ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, déanfar iad a thuairisciú ar bhonn na hiarrachta is fearr, i bhfianaise na faisnéise teoranta a d'fhéadfadh a bheith ag eisitheoirí ar na hidirbhearta sin agus ar shealbhóirí gaolmhara a bhfuil baint acu leis na hidirbhearta sin.
0020	**Idirbhearta idir tiachóga neamhchoinneála in aghaidh an lae – ar an meán** Aistrithe idir tiachóga neamhchoinneála, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (3), de Rialachán Tarmligthe [(2024) 6910], nó idir tiachóga neamhchoinneála agus cineálacha eile seoltaí mórleabhar dáilte nach bhfuil á rialú ag sealbhóir an chomhartha sócmhainn-tagartha nó ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní.

Colún	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**Uimhir** Meánlíon na n-idirbheart (nó na n-aistrithe le haghaidh ró 0020) in aghaidh an lae, arna ríomh mar líon iomlán na n-idirbheart (nó na n-aistrithe le haghaidh ró 0020) faoin raon feidhme sa tréimhse tuairiscithe agus é a roinnt ar líon na laethanta féilire sa tréimhse tuairiscithe.
0020	**Méid** Meánluach comhiomlán na n-idirbheart (nó na n-aistrithe le haghaidh ró 0020) in aghaidh an lae, arna ríomh mar shuim luachanna na n-idirbheart uile (nó na n-aistrithe le haghaidh ró 0020) faoin raon feidhme sa tréimhse tuairiscithe agus é a roinnt ar líon na laethanta féilire sa tréimhse tuairiscithe. Agus luach na n-idirbheart agus na n-aistrithe faoi raon feidhme an teimpléid seo á ríomh, leanfar an modh luachála a shainmhínítear in Airteagal 4(3) de Rialachán Tarmligthe [C(2024) 6910].

XVII. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 4.04

28. Áireofar i dteimpléad S 04.04 faisnéis maidir leis an modheolaíocht a úsáideadh chun meastachán a dhéanamh ar na luachanna a thuairiscítear i dteimpléad S 04.03.

XVIII. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 04.04

Ró	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**An mhodheolaíocht a úsáidtear le haghaidh theimpléad S 04.03** Soláthróidh eisitheoirí tuairisc ghairid ar an modheolaíocht a úsáidtear chun meastachán a dhéanamh ar na luachanna a thuairiscítear i dteimpléad S 04.03.

CUID V IDIRBHEARTA IN AGHAIDH AN LAE A BHAINEANN LE hÚSÁIDÍ MAR MHODH MALARTAITHE LAISTIGH DE LIMISTÉAR AIRGEADRA AONAIR (S 05.00)

XIX. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 05.00

29. I gcomhréir le hAirteagal 22(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2023/1114, áireofar le Teimpléad S 05.00 faisnéis faoi mheánlíon agus faoi mheánluach comhiomlán na n-idirbheart in aghaidh an lae le linn na tréimhse tuairiscithe, a bhaineann leis na húsáidí a bhaintear as comhartha sócmhainn-tagartha mar mhodh malartaithe laistigh de limistéar airgeadra aonair.

30. Leanfaidh an teimpléad seo na ceanglais a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe [(2024) 6910].

31. Tuairisceofar an teimpléad seo ar leithligh do gach limistéar airgeadra aonair mar a shonraítear in Airteagal 3(5) de Rialachán Tarmligthe [(2024) 6910].

XX. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 05.00

Ró	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**Idirbhearta in aghaidh an lae – ar an meán** Maidir leis an limistéar airgeadra aonair a chinntear leis an z-ais, idirbhearta atá laistigh den limistéar airgeadra aonair sin, i gcomhréir le hAirteagal 3(5) de Rialachán Tarmligthe [(2024) 6910].

Colún	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**Uimhir** Meánlíon na n-idirbheart in aghaidh an lae, arna ríomh mar an líon iomlán idirbheart faoin raon feidhme sa tréimhse tuairiscithe agus é a roinnt ar líon na laethanta féilire sa tréimhse tuairiscithe, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe [(2024) 6910].
0020	**Méid** Meánluach comhiomlán na n-idirbheart in aghaidh an lae, arna ríomh mar shuim luachanna na n-idirbheart uile faoin raon feidhme sa tréimhse tuairiscithe agus é a roinnt ar líon na laethanta féilire sa tréimhse tuairiscithe, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe [(2024) 6910].

z-ais	Tagairtí dlí agus treoracha
Ainm an limistéir airgeadra aonair	Tuairisceofar an teimpléad seo ar leithligh do gach limistéar airgeadra aonair atá faoin raon feidhme. Soláthróidh an z-ais na limistéir airgeadra aonair éagsúla uile bunaithe ar shuíomh na sealbhóirí a bhfuil baint acu leis na hidirbhearta faoin raon feidhme, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe [(2024) 6910].

TUAIRISCIÚ LE hAGHAIDH SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ CRIPTEASHÓCMHAINNÍ

TEIMPLÉID LE hAGHAIDH SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ CRIPTEASHÓCMHAINNÍ			
Uimhir an teimpléid	**Cód an teimpléid**	**Seolaithe**	**Ainm an teimpléid / an ghrúpa teimpléad**
FAISNÉIS DO SHEALBHÓIRÍ			
6	S 06.00	Soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní	FAISNÉIS AR SHEALBHÓIRÍ
FAISNÉIS AR IDIRBHEARTA			
7	S 07.01	Soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní	IDIRBHEARTA LE LINN NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE – IOMLÁN
7	S 07.02	Soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní	IDIRBHEARTA LE LINN NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE – IOMLÁN_AN tAONTAS EORPACH
7	S 07.03	Soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní	IDIRBHEARTA A BHAINEANN LENA ÚSÁIDÍ MAR MHODH MALAIRTE LAISTIGH DE LIMISTÉAR AIRGEADRA AONAIR – IOMLÁN
7	S 07.04	Soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní	SEOLTAÍ MÓRLEABHAR DÁILTE CHUN AISTRITHE A DHÉANAMH THAR CEANN CLIANT
FAISNÉIS AR CHOMHARTHA			
8	S 08.00	Soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní	COMHARTHA ATÁ I SEILBH NA SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ CRIPTEASHÓCMHAINNÍ

S 06.00 – FAISNÉIS AR SHEALBHÓIRÍ

Sealbhóirí – ar an dáta tagartha				
Ainm	Cód	Cineál cóid	Miondíol/Neamh-mhiondíol	Tír
0010	0020	0030	0040	0050

S 07.01 – IDIRBHEARTA LE LINN NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE – IOMLÁN

Tír:

		Uimhir	Méid
		0010	0020
Idirbhearta le linn na tréimhse tuairiscithe – iomlán	0010		
ina measc, a rinneadh laistigh den tír	0020		
an méid díobh a fuair idirbheart chuig an tír	0030		
an méid díobh a sheol idirbheart ón tír	0040		

S 07.02 – IDIRBHEARTA LE LINN NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE –IOMLÁN_AE

		Uimhir	Méid
		0010	0020
Idirbhearta le linn na tréimhse tuairiscithe – iomlán	0010		
an méid díobh a rinneadh laistigh den Aontas	0020		
an méid díobh a fuair idirbheart chuig an Aontas	0030		
an méid díobh a sheol idirbheart ón Aontas	0040		

S 07.03 – IDIRBHEARTA A BHAINEANN LENA ÚSÁIDÍ MAR MHODH MALAIRTE LAISTIGH DE LIMISTÉAR AIRGEADRA AONAIR – IOMLÁN

Limistéar airgeadra aonair:

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2902/oj

		Uimhir	Méid
		0010	0020
Idirbhearta le linn na tréimhse tuairiscithe – iomlán	0010		

S 07.04 – SEOLTAÍ MÓRLEABHAR DÁILTE CHUN AISTRITHE A DHÉANAMH THAR CEANN CLIANT

Seoladh mórleabhar dáilte
0010

S 08.00 – COMHARTHA ATÁ I SEILBH NA SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ CRIPTEASHÓCMHAINNÍ

		Uimhir	Méid
		0010	0020
Comhartha atá i seilbh na Soláthraithe Seirbhísí Cripteashócmhainní	0010		
ar díobh a shealbhaítear trí chliaint AE an tSoláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní	0020		

IARSCRÍBHINN IV

TUAIRISCIÚ DO SHOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ CRIPTEASHÓCMHAINNÍ – TREORACHA

Clár

CUID I: TREORACHA GINEARÁLTA 32

I. Struchtúr 32

II. Raon feidhme an tuairiscithe 32

CUID II: FAISNÉIS DO SHEALBHÓIRÍ (S 06.00) 33

III. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 06.00 33

IV. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 06.00 33

CUID III: FAISNÉIS FAOI IDIRBHEARTA (S 07.01, S 07.02, S 07.03 agus S 07.04) 34

V. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 7.01 34

VI. Treoracha maidir le suíomhanna sonracha Theimpléad S 07.01 35

VII. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 7.02 35

VIII. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 07.02 35

IX. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 07.03 36

X. Treoracha maidir le suíomhanna sonracha Theimpléad S 07.03 36

XI. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 7.04 37

XII. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 07.04 37

CUID IV: FAISNÉIS FAOI CHOMHARTHA (S 08.00) 37

XIII. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 08.00 37

XIV. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 08.00 37

CUID I: TREORACHA GINEARÁLTA

I. Struchtúr

1. Tá treoracha san Iarscríbhinn seo maidir le tuairisciú na dteimpléad le haghaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní.

2. Tá trí thacar teimpléad san Iarscríbhinn seo:

   (a) Faisnéis faoi shealbhóirí (S 06.00);

   (b) Faisnéis faoi idirbhearta (S 07.01, S 07.02, S 07.03 agus S 07.04);

   (c) Faisnéis faoi chomhartha (S 08.00).

3. Soláthraítear tagairtí dlí le haghaidh gach teimpléid. Áirítear sa chuid seo den Rialachán Cur Chun Feidhme tuilleadh faisnéise mionsonraithe maidir le gnéithe níos ginearálta den tuairisciú ar gach bloc teimpléad agus treoracha maidir le suíomhanna sonracha.

4. Leantar an nodaireacht ghinearálta seo a leanas sna treoracha: {Teimpléad; Ró; Colún; z-ais}.

II. Raon feidhme an tuairiscithe

5. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an fhaisnéis a shonraítear san Iarscríbhinn seo do na heisitheoirí, i gcomhréir le hAirteagail 1(2) agus 3(2) den Rialachán Cur Chun Feidhme seo.

6. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní na trí thacar teimpléad san Iarscríbhinn seo do na heisitheoirí faoi seach ar leithligh le haghaidh gach comhartha sócmhainn-tagartha de réir Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2023/1114, lena léirítear don eisitheoir atá faoi réir tíolacadh ar leith, cód aitheantais, tagairt nó ainm an chomhartha, i gcás ina bhfuil sé ar fáil, bunaithe ar an bpáipéar bán cripteashócmhainní foilsithe don chomhartha.

CUID II: FAISNÉIS DO SHEALBHÓIRÍ (S 06.00)

III. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 06.00

7. I dTeimpléad S 06.00, i gcomhréir le hAirteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2023/1114, tá an fhaisnéis faoi na sealbhóirí is gá chun go gcomhlíonfaidh na heisitheoirí na ceanglais tuairiscithe a leagtar amach sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo.

8. Beidh faisnéis sa teimpléad seo amhail ag deireadh an dáta tagartha, i gcomhréir le teimpléad S 01.00 "Líon na sealbhóirí – ar an dáta tagartha" le haghaidh eisitheoirí mar a léirítear in Iarscríbhinní I agus II den Rialachán seo. Is mar seo a leanas a chinnfidh suíomh an tsealbhóra tír an tsealbhóra:

(a) i gcás daoine nádúrtha, an áit a bhfuil gnáthchónaí orthu;

(b) i gcás daoine dlítheanacha, an seoladh oifige cláraithe.

IV. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 06.00

Colún	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**Ainm** Ainm iomlán daoine nádúrtha agus ainm cláraithe oifigiúil daoine dlítheanacha, lena n-áirítear aon tagairt don chineál cuideachta i gcomhréir le dlí náisiúnta na gcuideachtaí, i gcomhréir leis an aitheantóir uathúil a sholáthraítear don sealbhóir i gcolún 0020 den teimpléad seo.
0020	**Cód** Ní mór an cód atá ina chuid d'aitheantóir ró a bheith uathúil i gcás gach eintitis tuairiscithe. Beidh an cód uathúil agus úsáidfear é go comhsheasmhach ar fud na dteimpléad agus le himeacht ama. Beidh luach ag an gcód i gcónaí. Cód an tsealbhóra, amhail uimhir aitheantais náisiúnta le haghaidh daoine nádúrtha nó cód aitheantóra eintitis dhlítheanaigh (LEI) le haghaidh daoine dlítheanacha, nó aon aitheantóir oifigiúil eile is infheidhme atá ar fáil. Má tá LEI ar fáil, tuairisceofar an LEI sin. Chun próiseas réitigh sonraí na n-eisitheoirí a éascú, cuirfear an cur chuige seo a leanas san áireamh agus an cód á thuairisciú. Tá dhá liosta ann ina bhfuil cineálacha éagsúla cód, ceann amháin do dhaoine nádúrtha, agus ceann eile d'eintitis dhlíthiúla. Tuairisceoidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an chéad chineál cóid atá ar fáil ón liosta a shonraítear i gcolún 0030, ag tosú ón gcéad rogha ar an liosta, agus ansin bogfaidh siad síos ceann ar cheann don chuid eile de na roghanna, i gcás nach bhfuil an cineál aitheantóra sin ar fáil don sealbhóir.
0030	**An cineál cóid** Cineálacha cód daoine nádúrtha: 1. Uimhir aitheantais náisiúnta 2. Uimhir chánach náisiúnta 3. Uimhir an phas 4. Cineál eile uimhreach aitheantais Cineálacha cód daoine dlítheanacha: 1. Cód aitheantóra eintitis dhlítheanaigh (LEI) 2. Uimhir chlárúcháin náisiúnta oifigiúil nó Aitheantóir Uathúil Eorpach (EUID) a chuirtear ar fáil faoi Threoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) 3. Uimhir chánach chláraithe oifigiúil 4. Cineál eile uimhreach aitheantais Tuairisceofar an cineál cóid i gcónaí.

([1]) Treoir (AE) 2017/1132 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2017 maidir le gnéithe áirithe de dhlí na gcuideachtaí (IO L 169, 30.6.2017, lch. 46, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1132/oj).

Colún	Tagairtí dlí agus treoracha
0040	**Miondíol/Neamh-mhiondíol** Cuir Miondíol nó Neamh-mhiondíol san áireamh, bunaithe ar an sealbhóir faoi raon feidhme. Áireofar miondíol i gcás ina gcáilíonn an sealbhóir faoin raon feidhme mar shealbhóir miondíola, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe 37, de Rialachán (AE) 2023/1114. Áireofar neamh-mhiondíol ar shlí eile.
0050	**Tír** Cuir isteach ainm thír an tsealbhóra faoin raon feidhme, i gcomhréir le pointe 8 den Iarscríbhinn seo.

Ró	Tagairtí dlí agus treoracha
Leithdháilfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ró amháin ar gach sealbhóir sonrach a thagann faoin raon feidhme.	

CUID III: FAISNÉIS FAOI IDIRBHEARTA (S 07.01, S 07.02, S 07.03 agus S 07.04)

V. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 7.01

9. I dTeimpléad S 07.01, i gcomhréir le hAirteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2023/1114, tá an fhaisnéis faoi na hidirbhearta is gá chun go gcomhlíonfaidh na heisitheoirí na ceanglais tuairiscithe a leagtar amach sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo. Áireofar i dteimpléad S 07.01 faisnéis maidir le líon iomlán agus luach comhiomlán iomlán na n-idirbheart le linn na tréimhse tuairiscithe, arna gcur i láthair ar leithligh le haghaidh na dtíortha faoi raon feidhme an tuairiscithe.

10. Leanfaidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní an cur chuige thíos chun a chinneadh cé na hidirbhearta atá le háireamh i raon feidhme an teimpléid seo:

(a) Idirbhearta, a bhfuil baint ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní leo agus a ghníomhaíonn mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní thairbhí nó íocaí an idirbhirt. Sna cásanna sin, bíonn tionscnóir nó íocóir an idirbhirt ag idirghníomhú freisin trí sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní; nó gan baint a bheith ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní leis, mar shampla trína thiachóg neamhchoinneála.

(b) Idirbhearta, a bhfuil baint ag an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní leo agus a ghníomhaíonn mar sholáthraí seirbhísí cripteashócmhainní thionscnóir nó íocóir an idirbhirt. Sna cásanna sin, tá tairbhí nó íocaí an idirbhirt ag idirghníomhú gan baint a bheith ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní leis, mar shampla trína thiachóg neamhchoinneála. Déantar na cineálacha idirbheart sin a ríomh agus a thuairisciú ar bhonn na hiarrachta is fearr, i ngeall ar an bhfaisnéis theoranta a d'fhéadfadh a bheith ag soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní thionscnóir nó íocóir an idirbhirt ar an dá shealbhóir a bhfuil baint acu leis na haistrithe.

11. Is mar a leanas a bheidh suíomh an tionscnóra agus an tairbhí a bhfuil baint aige leis na hidirbhearta, de réir an chur chuige chun tír na sealbhóirí a shainiú i dteimpléad S 01.00 "Líon na sealbhóirí – ar an dáta tagartha":

(a) i gcás daoine nádúrtha, an áit a bhfuil gnáthchónaí orthu;

(b) i gcás daoine dlítheanacha, an seoladh oifige cláraithe.

12. Beidh na hidirbhearta sin faoi raon feidhme an teimpléid seo, i gcás ina bhfuil ceann amháin ar a laghad de na sealbhóirí a bhfuil baint acu leis an idirbheart lonnaithe laistigh den Aontas. Ina theannta sin, nuair a thagraíonn an comhartha d'airgeadra oifigiúil cheann de Bhallstáit an Aontais, áireofar idirbhearta ina bhfuil an dá shealbhóir lena mbaineann lonnaithe lasmuigh den Aontas freisin i raon feidhme an tuairiscithe.

13. Cinnfidh an t-eisitheoir luach na n-idirbheart de réir an mhodha luachála a shainmhínítear in Airteagal 4(3) de Rialachán Tarmligthe [(2024) 6910]

14. Áireofar miondealú le haghaidh na n-idirbheart i dteimpléad S 07.01:

(a) ina measc, a rinneadh laistigh den tír;

(b) ina measc, a fuair idirbheart chuig an tír;

(c) ina measc, a sheol idirbheart ón tír.

15. Déanfar teimpléad S 07.01 a thuairisciú ar leithligh do gach tír a bhaineann leis na hidirbhearta. Is iad tíortha an idirbhirt tíortha cónaithe na sealbhóirí atá páirteach san idirbheart, lena n-áirítear tír an tionscnóra agus tír thairbhí an idirbhirt.

VI. Treoracha maidir le suíomhanna sonracha Theimpléad S 07.01

Ró	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**Idirbhearta le linn na tréimhse tuairiscithe – iomlán** I gcás na tíre arna cinneadh leis an z-ais, idirbhearta i gcás ina bhfuil suíomh an tionscnóra nó suíomh an tairbhí laistigh den tír sin.
0020	**Ina measc, a rinneadh laistigh den tír** I gcás na tíre a chinntear leis an z-ais, idirbhearta i gcás ina bhfuil suíomh an tionscnóra agus suíomh an tairbhí araon laistigh den tír sin.
0030	**Ina measc, a fuair idirbheart chuig an tír** I gcás na tíre a chinntear leis an z-ais, idirbhearta i gcás ina bhfuil suíomh an tionscnóra lasmuigh den tír sin agus ina bhfuil suíomh an tairbhí laistigh den tír sin.
0040	**Ina measc, a sheol idirbheart ón tír** I gcás na tíre a chinntear leis an z-ais, idirbhearta i gcás ina bhfuil suíomh an tionscnóra laistigh den tír sin agus ina bhfuil suíomh an tairbhí lasmuigh den tír sin.

Colún	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**Uimhir** An líon iomlán idirbheart sa tréimhse tuairiscithe.
0020	**Méid** Luach comhiomlán iomlán na n-idirbheart sa tréimhse tuairiscithe.

VII. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 7.02

16. Is é an t-aon difríocht idir Teimpléad S 07.02 agus Teimpléad S 07.01 go bhfuil Teimpléad S 07.02 ann le haghaidh na n-idirbheart uile san Aontas, lena n-áirítear idirbhearta insreafa agus eis-sreafa, agus dá bhrí sin nach bhfuil an z-ais ann lena gcinntear an tír atá faoin raon feidhme.

VIII. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 07.02

Sraith	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**Idirbhearta le linn na tréimhse tuairiscithe – iomlán** Idirbhearta i gcás ina bhfuil suíomh an tionscnóra nó suíomh an tairbhí laistigh den Aontas.

Sraith	Tagairtí dlí agus treoracha
0020	**An méid díobh a rinneadh laistigh den Aontas** Idirbhearta i gcás ina bhfuil suíomh an tionscnóra agus suíomh an tairbhí araon laistigh den Aontas.
0030	**Ina measc, a fuair idirbheart chuig an Aontas Eorpach** Idirbhearta i gcás ina bhfuil suíomh an tionscnóra lasmuigh den Aontas agus ina bhfuil suíomh an tairbhí laistigh den Aontas.
0040	**An méid díobh a sheol idirbheart ón Aontas** Idirbhearta i gcás ina bhfuil suíomh an tionscnóra laistigh den Aontas agus ina bhfuil suíomh an tairbhí lasmuigh den Aontas.

Colún	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**Uimhir** Líon iomlán na n-idirbheart sa tréimhse tuairiscithe.
0020	**Méid** Luach comhiomlán iomlán na n-idirbheart sa tréimhse tuairiscithe.

IX. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 07.03

17. I dTeimpléad S 07.03, i gcomhréir le hAirteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2023/1114, tá an fhaisnéis faoi na hidirbhearta is gá chun go gcomhlíonfaidh na heisitheoirí na ceanglais tuairiscithe a leagtar amach sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo. Maidir leis an teimpléad seo, beidh raon feidhme ag na hidirbhearta sin, a bhaineann le húsáidí an chomhartha sócmhainn-tagartha mar mhodh malartaithe, de réir Airteagal 22(1), pointe (d), de Rialachán (AE) 2023/1114.

18. Leanfaidh an teimpléad seo na ceanglais a leagtar amach le Rialachán Tarmligthe C[(2024) 6910].

19. Tuairisceofar an teimpléad seo ar leithligh do gach limistéar airgeadra aonair mar a shonraítear in Airteagal 3(5) de Rialachán Tarmligthe C[(2024) 6910].

X. Treoracha maidir le suíomhanna sonracha Theimpléad S 07.03

Ró	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**Idirbhearta le linn na tréimhse tuairiscithe – iomlán** Maidir leis an limistéar airgeadra aonair a chinntear leis an z-ais, idirbhearta atá laistigh den limistéar airgeadra aonair sin, i gcomhréir le hAirteagal 3(5) de Rialachán Tarmligthe C[(2024) 6910].

Colún	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**Uimhir** Líon iomlán na n-idirbheart sa tréimhse tuairiscithe.
0020	**Méid** Luach comhiomlán iomlán na n-idirbheart sa tréimhse tuairiscithe.

z-ais	Tagairtí dlí agus treoracha
Ainm an limistéir airgeadra aonair	Tuairisceofar an teimpléad seo ar leithligh do gach limistéar airgeadra aonair atá faoin raon feidhme. Soláthrófar leis an z-ais na limistéir airgeadra aonair éagsúla uile bunaithe ar shuíomh na sealbhóirí a bhfuil baint acu leis na hidirbhearta atá faoin raon feidhme, i gcomhréir le hAirteagal 3(5) de Rialachán Tarmligthe C[(2024) 6910].

XI. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 7.04

20. Soláthróidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní do na heisitheoirí na seoltaí mórleabhar dáilte poiblí a úsáideann siad chun aistrithe a dhéanamh thar ceann a gcliant. Is é sin chun é a dhéanamh níos éasca d'eisitheoirí a aithint cé na hidirbhearta atá cláraithe ar an mórleabhar dáilte a dhéantar idir tiachóga neamhchoinneála, tuilleadh faisnéise a sholáthar do na heisitheoirí chun a dteimpléid a thuairisciú mar a shonraítear in Iarscríbhinní I agus II den Rialachán Cur Chun Feidhme seo, go háirithe S 04.03 "Idirbhearta agus aistrithe in aghaidh an lae idir tiachóga neamhchoinneála – ar an meán". Soláthraítear le Teimpléad S 07.04 "Seoltaí mórleabhar dáilte chun aistrithe a dhéanamh thar ceann cliant" an fhaisnéis sin do na heisitheoirí.

XII. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 07.04

Colún	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**Seoladh mórleabhar dáilte** An seoltaí mórleabhar dáilte poiblí a úsáideann an soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní chun aistrithe a dhéanamh thar ceann a chliant.

Sraith	Tagairtí dlí agus treoracha
Leithdháilfidh soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní ró amháin do gach seoladh mórleabhair dháilte atá faoin raon feidhme.	

CUID IV: FAISNÉIS FAOI CHOMHARTHA (S 08.00)

XIII. Barúlacha ginearálta ar Theimpléad S 08.00

21. Áireofar i dteimpléad S 08.00 faisnéis faoi líon agus méid an chomhartha atá faoi raon feidhme na dteimpléad tuairiscithe, atá i seilbh an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, agus laistigh de sin chun líon agus méid na gcomharthaí sin atá i seilbh chliaint an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní san Aontas a shonrú. Roinnfear an fhaisnéis sin leis an eisitheoir, ionas go mbeidh an t-eisitheoir in ann a luach comhiomlánaithe dá chomhartha arna eisiúint san Aontas agus dá chúlchiste sócmhainní gaolmhar a ríomh go cruinn, go háirithe i gcás ina n-eisítear an comhartha faoi seach ar scála idirnáisiúnta lasmuigh den Aontas freisin.

XIV. Treoracha a bhaineann le suíomhanna sonracha Theimpléad S 08.00

Ró	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**Comhartha atá i seilbh an tSoláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní** Na comharthaí sin atá i seilbh an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní.
0020	**arna sealbhú trí chliaint AE an tSoláthraí Seirbhísí Cripteashócmhainní** Na comharthaí sin atá i seilbh an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, atá i seilbh chliaint an tsoláthraí seirbhísí cripteashócmhainní san Aontas.

Colún	Tagairtí dlí agus treoracha
0010	**Uimhir** Líon na gcomharthaí faoin raon feidhme.
0020	**Méid** Méid na gcomharthaí faoin raon feidhme. Cinnfear luach na n-idirbheart de réir an mhodha luachála a shainmhínítear in Airteagal 4(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) C[(2024) 6910].

IARSCRÍBHINN V

Cuid I: Samhail Pointe Sonraí Aonair

Déanfar gach ítim sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann leis an Rialachán seo a chlaochlú ina samhail pointe sonraí aonair.

Leis an tsamhail pointe sonraí aonair, comhlíonfar na critéir seo a leanas:

(a) Cuirfear ar fáil léi uiríoll struchtúrtha maidir leis na míreanna sonraí ar fad a leagtar amach in Iarscríbhinn I;

(b) Sainaithnítear inti na coincheapa gnó uile a leagtar amach in Iarscríbhinn II;

(c) Cuirfear ar fáil léi foclóir sonraí ina sainaithnítear lipéid táblaí, lipéid ordanáidí, lipéid aiseanna, lipéid fearann, lipéid toisí agus lipéid bhall;

(d) Cuirfear ar fáil léi méadrachtaí lena sainmhínítear airí nó méid na bpointí sonraí;

(e) Cuirfear ar fáil léi sainmhínithe ar phointí sonraí a chuirtear in iúl mar chomhdhéanamh saintréithe a shainaithníonn an coincheap ar bhealach aonchiallach;

(f) Áireofar inti na sonraíochtaí teicniúla ábhartha ar fad is gá chun réitigh tuairiscithe TF a fhorbairt a chuirfidh sonraí maoirseachta aonfhoirmeacha ar fáil.

Cuid II: Rialacha bailíochtaithe

Beidh na hítimí sonraí a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo faoi réir rialacha bailíochtaithe lena n-áiritheofar cáilíocht agus comhsheasmhacht sonraí.

Leis na rialacha maidir le bailíochtú, comhlíonfar na critéir seo a leanas:

(a) Go sainmhíneofar iontu an caidreamh loighciúil idir pointí sonraí ábhartha;

(b) Go n-áireofar iontu scagairí agus réamhchoinníollacha lena sainítear sonraí a bhfuil feidhm ag riail bailíochtaithe ina leith;

(c) Go seiceálfar leo comhsheasmhacht na sonraí tuairiscithe;

(d) Go seiceálfar leo cruinneas na sonraí tuairiscithe;

(e) Go leagfar síos leo luachanna a chuirfear i bhfeidhm i gcás nach dtuairiscítear an fhaisnéis ábhartha.